

# Leabhair Ghaeilge do Pháistí

Turas an téacs; ó rogha an leabhair,  
aistriú nó scríobh ó bhun,  
na scríbhneoirí, na spriocléitheoirí  
agus an próiseas léitheoireachta

Le JACQUELINE DE BRÚN



# Clár

Intreoir .....	1
<b>Caibidil 1: Foghlaim na Léitheoireachta .....</b>	<b>2</b>
1.0 Intreoir .....	2
1.1 A bhfuil de Dhíth leis an Léitheoireacht a Fhoghlaim .....	2
1.2 Foghlaim na Léitheoireachta sa Dara Teanga .....	2
1.3 Teangacha Eile agus an Córas Litrithe .....	3
<b>Caibidil 2: Léitheoireacht na Gaeilge i gComhthéacs na dTéacsanna ....</b>	<b>4</b>
2.0 Intreoir .....	4
2.1 Tús na Léitheoireachta. Leabhair don Réamhscolaíocht .....	4
2.2 Focail a Aithint. Ó Chluas agus ó Bhéal go dtí an Focal Scríofa .....	5
2.3 Curaclaim. Ó Thuaidh, Ó Dheas agus sa Bhreatain Bheag .....	6
2.4 Gaeilge na bPáistí agus an Léitheoireacht .....	8
2.5 Caihdeán na Gaeilge agus Foghlaim na Léitheoireachta .....	9
2.6 Siompóisiam Faoin Léitheoireacht .....	9
<b>Caibidil 3: Litríocht do Pháistí. Cad é a Oibríonn? .....</b>	<b>12</b>
3.0 Intreoir .....	12
3.1 Páistí agus an Litríocht .....	12
3.2 Léitheoireacht Pháistí na Linne seo. Cad é a Thaitníonn Leo? .....	12
3.3 Aois Léitheoireachta .....	13
3.4 Rogha na Leabhar .....	14
3.5 Cineálacha Leabhar .....	16
3.6 Buachaillí, Cailíní, agus an Léitheoireacht .....	17
<b>Caibidil 4: Aistriúchán nó Bunleabhair?.....</b>	<b>18</b>
4.0 An Intreoir .....	18
4.1 An Díospóireacht .....	18
<b>Caibidil 5: An tAistriúchán do Pháistí – Comhthéacs Idirnáisiúnta.....</b>	<b>21</b>
5.0 Intreoir .....	21
5.1 Dearnadh an Aistriúcháin mar Thionchar ar an Cheird .....	21
5.2 Aistriúcháin do Pháistí. An Pictiúr Idirnáisiúnta .....	21
5.3 Pictiúrleabhair a Aistriú .....	23
5.4 Úrscéalta a Aistriú .....	23
<b>Caibidil 6: Leabhair a Aistriú go Gaeilge do Pháistí .....</b>	<b>26</b>
6.0 An Intreoir .....	26
6.1 An tAistriúchán in Éirinn .....	26
6.2 Cé hIad na Spriocléitheoirí? .....	26
6.3 Cur Chuige an Aistriúcháin agus Cur in Oiriúint .....	28
6.4 Foilsitheoirí .....	29
6.5 Cúrsaí Dáilíocháin agus Eolais .....	30
Conclúid .....	32
Leabharliosta .....	33

# Intreoir

Tá athruithe móra i saol na Gaeilge maidir le leabhair agus téacsanna do pháistí. Tá fás agus forbairt ar leabhair do pháistí le thart ar dheich mbliana anuas agus athrú mór i gcaighdeán na leabhar a fhoilsítear.

Tá feabhas ag teacht ar rogha na leabhar féin agus tá scríbhneoirí agus aistritheoirí ag tosú ag amharc ar theanga na leabhar. Níl ann ach tús sa phróiseas seo agus bealach fada romhainn sula mbeidh tionchar ag leabhair na linne seo ar léitheoireacht na glúine seo atá ag tosú ar léitheoireacht na Gaeilge.

Sa saothar seo pléitear na leabhair a thaitníonn le páistí agus na próisis a bhíonn ag foilsitheoirí leabhar Gaeilge a roghnú do pháistí. Pléitear straitéisí foghlama na léitheoireachta agus na cúiseanna nach bhfuil páistí sásta leabhair Ghaeilge a léamh ar a gconlán féin.

Is ceist mhór í téacsanna aistrithe a chur ar fáil do léitheoirí óga agus amharctar ar an chleachtas seo go hidirnáisiúnta agus i gcomhthéacs fhoghlaim na Gaeilge. An féidir leagan aistrithe a dhéanamh le haghaidh fhoghlaim na léitheoireachta nuair a bhíonn aird ag an scríbhneoir ar mhinicíocht focal, ar dhíchódú agus ar scileanna tuisceana an léitheora, agus i gcás na Gaeilge, de ghnáth, teanga a úsáid a fhóireann do shealbhú an dara teanga?

Tá droch-chlú ar théacsanna aistrithe i measc oideachasóirí agus tuismitheoirí mar gheall ar an easpa tuisceana a bhíodh ag aistritheoirí ar na fadhbanna a chothaigh na haistriúcháin do pháistí atá ag foghlaim na léitheoireachta.

Táthar ag rá le fada an lá nach léann pobal na Gaeilge leabhair i nGaeilge. Díoltar, ar a mheán, 300 cóip de gach leabhar Gaeilge a fhoilsítear (Ní Mhianáin, 2003:16). Pléitear sa taighde seo deacrachtaí na léitheoireachta Gaeilge agus maítear gur nós í an léitheoireacht a thosaíonn go hóg. Is chuige sin a cheistítear na leabhair Ghaeilge atá againn faoi láthair do pháistí.

Mar chuid den taighde seo chuir mé ceistneoir le chéile inar fiosraíodh na ceisteanna seo agus cuireadh chuig 100 Gaelscoil iad, 30 scoil Ghaeltachta fud fad na tíre agus chuig institiúidí tríú léibhéal chomh maith le heagrais thacaíochta in earnáil na Gaelscolaíochta. Tháinig 56 ceistneoir ar ais. Tá na graif sa taighde seo bunaithe ar an eolas a tugadh sna ceistneoirí sin. Chomh maith leis sin, bailíodh eolas ó fhoilsitheoirí, ó phríomhoidí agus ó mhúinteoirí scoile, ó léachtóirí ollscoile agus ó tuismitheoirí.

## Foghlaim na Léitheoireachta

### 1.0 Intreoir

Sa chaibidil seo pléifear an dóigh a dtéann páistí i ngleic leis an léitheoireacht i dteanga ar bith agus go háirithe ar an dúshlán a bhaineann le córas 'teimhneach' litrithe bheith ag teanga.

### 1.1 A bhfuil de Dhíth leis an Léitheoireacht a Fhoghlaim

Tá aird de dhíth anseo ar an dóigh a bhfoghlaimíonn páistí an léitheoireacht agus na scileanna atá de dhíth orthu le tabhairt faoin léitheoireacht sa chéad agus sa dara teanga.

Sa tír seo tá meascán de chumais léitheoireachta ann agus tuiscint ar léibhéil éagsúla ar an Ghaeilge. Tá éagsúlacht cúla ó thaobh na Gaeilge maidir le páistí a bhfuil Gaeilge líofa acu agus iad ag tosú ar an scoil agus páistí nach bhfuil tuiscint ar bith acu don teanga.

San am chéanna tá bunscileanna de dhíth le dul i mbun léitheoireachta i dteanga ar bith. Tá cuid mhór ráite faoin dóigh a bhfoghlaimíonn páistí an léitheoireacht. Tá taighde leathan déanta ar gach cineál straitéise: an cur chuige a bhaineann leis an téacs mar théacs iomlán nó ina bhfuil béim ar leith ar dhíchódú an téacs.

Tá dearcadh láidir anois ann nach leor straitéis ar bith acu ann féin, nach leor díchódú gan chiall agus nach bhfaighidh tú ciall gan díchódú. De réir taighde a rinneadh sa National Center to Improve the Tools of Educators in Ollscoil Oregon (UO Libraries, 2004) aimsíodh critéir atá de dhíth leis an léitheoireacht a theagasc;

- Dúil san fhocal scríofa a chothú
- Eolas faoi theanga scríofa a fhorbairt
- An ceangal idir litreacha agus focail a thuiscint
- A thuiscint go bhfuil teanga déanta d'fhocail, shiollaí agus fhóinimí
- Fuaimeanna na litreacha a thuiscint
- An aibítir a fhoghlaim
- Focail nua a fhuaimniú
- Focail scríofa a aithint go furasta
- Patrúin litrithe a bheith ar eolas
- Téacsanna a léamh go rialta agus go machnamhach

### 1.2 Foghlaim na Léitheoireachta sa Dara Teanga

Baineann an próiseas léitheoireachta le fuaimeanna a nascadh, déanann sin focail a bhfuil ciall leo. Mura gciallaíonn na focail seo a dhath do pháistí atá ag léamh níl fiúntas ar bith leis an phróiseas dóibh.

Maidir le páistí aonteangacha agus iad ag tosú ar an léitheoireacht, nuair a dhéantar focal a dhíchódú agus a léamh, bíonn focail ann a thuigeann siad agus ar féidir leo ciall éigin a bhaint astu. De ghnáth ní bhíonn seo amhlaidh maidir le páistí atá ag foghlaim na léitheoireachta sa dara teanga (T2). Go minic i ndiaidh do na léitheoirí an stró a chur orthu féin focal a dhíchódú níl tuiscint acu don fhocal atá acu sa deireadh.

Tá contúirt mar sin ag léitheoirí sa T2 nach bhfeicfidh siad an ceangal idir an téacs scríofa agus an chaint. Ba chóir go mbeadh nasc ann idir na focail dhíchódaithe agus teanga a thuigtear, sin nó ní bheidh tuiscint acu don léitheoireacht féin.

Más sa T2 atá páistí ag foghlaim na scileanna díchódaithe moltar gur chóir béim a chur ar shealbhú na teanga ar dtús sa dóigh is go n-aithneoidh siad an nasc idir na scileanna díchódaithe agus ciall an fhocail níos faide anonn. Is ionann an léitheoireacht agus ciall a bhaint as téacs ach nuair atá páistí ábalta téacs a rá ach gan ciall a bhaint as níl siad ag léamh. Ní bheidh tuiscint ar bith acu ar an luach a bhaineann leis an léitheoireacht ach oiread.

### 1.3 Teangacha Eile agus an Córas Litrithe

Ní hionann foghlaim na léitheoireachta i ngach teanga. Bíodh sé ina córas siollach mar atá sa tSeapáinis nó sa tSuiméiris, rud a chiallaíonn go bhfuil siombail amháin sa scríbhneoireacht do gach siolla, nó ina córas aibítreach mar atá sa Bhéarla, sa Spáinnis, sa Fhraincis agus sa Ghaeilge, rud a chiallaíonn go bhfuil comharthaí ar leathanach atá teibí agus gan ciall.

Tá córas scríofa ‘trédhearcach’ ag na hIodálaigh, na Gearmánaigh agus ag na Fionnlannaigh. Seasann litir don fhuaim chéanna chóir a bheith i gcónaí agus thig le páistí focail a fhuaimniú gan stró.

Tugtar córas scríofa ‘teimhneach’ ar chóras an Bhéarla. Níl comhfhreagras ann go minic idir na fuaimeanna agus na siombailí a sheasann dóibh. Baineann seo le stair an Bhéarla agus tionchar na Fraincise agus na Laidine agus teangacha eile. Rinne Samuel Johnson caighdeánú ar litriú focal an Bhéarla sa bhliain 1755 ach ní dhearna sé caighdeánú ar litriú na bhfóinéimí. Fágann sin teanga ina bhfuil níos mó ná bealach amháin ann le fóinéimí a litriú.

Níl an Ghaeilge chomh ‘teimhneach’ céanna agus atá an Béarla ach níl sí go hiomlán ‘trédhearcach’ ach oiread. Tá difear suntasach idir an Ghaeilge labhartha agus Gaeilge an Chaighdeán Oifigiúil. Tá an Caighdeán Oifigiúil ann don teanga scríofa ach ní thugtar an oiread céanna airde air sa chaint.

Tá córas na Gaeilge agus an Bhéarla le foghlaim ag páistí Gaelscoile agus ag páistí Gaeltachta.


Is díospóireacht fhada leanúnach í díospóireacht theagasc na léitheoireachta agus tagann agus imíonn faisean le gach glún. Triailleadh gach cineál fealsúnachta agus cur chuige ach go fóill féin tá barraíocht daoine ag teacht trí na córais oideachais nach bhfuil bunscileanna léitheoireachta acu ina dteanga dhúchais gan trácht ar dhara teanga.

## Léitheoireacht na Gaeilge i gComhthéacs na dTéascanna

### 2.0 Intreoir

Pléitear ceist na léitheoireachta Gaeilge in Éirinn sa chaibidil seo maidir le dearcadh na gcóras oideachais leis an dá churaclam úr ó thuaidh agus ó dheas chomh maith le léitheoireacht Ghaeilge na ndéagóirí agus na ndaoine fásta. Pléitear an Siompóisiam Faoin Léitheoireacht a tionóladh sa bhliain 2002.

Ba í an chéad cheist a cuireadh sa cheistneoir chuig scoileanna ná ceist na léitheoireachta. An léann páistí na tíre seo i nGaeilge go neamhspleách ar chor ar bith?



Tá sé soiléir ón eolas thuas gur i mBéarla den chuid is mó a léann siad.

### 2.1 Tús na Léitheoireachta. Réamhscolaíocht

Tosaíonn an léitheoireacht sna cluasa trí chaint a chluinstin agus a fhorbairt, trí scéalta agus rann a chluinstin agus trí chluichí a imirt. Dá mhéad foclóir an pháiste roimh thosú ar an léitheoireacht fhoirmiúil is amhlaidh is fusa an próiseas foghlama léitheoireachta. Tá an dúshraith teanga a tharlaíonn idir breith an linbh agus aois a trí rithábhachtach do léitheoireacht an pháiste, bíodh sé sa T1 nó sa T2.

*I gcás an léitheora óig sa tumoideachas, pleanálann an múinteoir éifeachtach gníomhaíochtaí béil mar dhúshraith don léitheoireacht. Pleanálann sé nó sí deiseanna don léitheoir óg an teanga a bheidh de dhíth air sa téacs a chloisteáil agus a chleachtadh ó bhéal roimh ré. (Nig Uidhir & McPolin, 2006: 22)*

Ba chóir, mar sin, leabhair a chur ar fáil do pháistí ina bhfuil an teanga laethúil seo atá riachtanach i saol laethúil an linbh. Tá dífeare suntasach sa leibhéal teanga a bheadh ag páistí a bhfuil an Ghaeilge acu mar chéad teanga agus iad siúd a bheidh ag freastal ar Ghaelscoil agus na tuismitheoirí ag iarraidh rud beag a dhéanamh sa bhaile leo roimh thosú ar an naiscoil.

Ach san am chéanna ag an aois seo is maith le gach páiste teanga ina bhfuil athrá, rithim sna focail, rím sna focail, deilíní agus rann ar féidir leo cuimhneamh orthu agus is maith leo an scéal

céanna arís agus arís eile sna leabhair a léann siad. Is maith leo leabhair a léifear os ard agus beidh na leabhair seo de ghlanmheabhair ag na páistí seo go minic.

Tá sé tábhachtach na gnéithe sin a chur san áireamh leis an téacs agus éiríonn go maith le leithéidí, *Duck in the Truck*, *We're Going on a Bear Hunt*, *Kipper* i mBéarla mar gheall ar athrá, rím agus teanga choitianta.

D'éirigh go maith leis an tsraith *Bran*, aistriúchán ar *Spot*, i nGaeilge don aoisghrúpa seo mar gheall ar na heachtraí inaitheanta ag páistí a tharlaíonn don mhadadh seo; turas go dtí an pháirc, císte lá breithe a dhéanamh agus fanacht thar oíche lena chara. Tá an-ráchairt ar leabhair Mary Arrigan faoi *Mamó*, carachtar eile a gcuirtear aithne uirthi ó leabhar go leabhar, agus is sampla é seo de na féidearthachtaí a bhaineann le bunleabhair Ghaeilge seachas aistriúcháin. Tá an teanga agus an t-athrá níos soiléire sna leabhair seo.

Ach tá ganntanas mór téacsanna ann i nGaeilge don aoisghrúpa seo ina bhfuil rím shimplí, rithim shuntasach nó deilíní snasta, agus carachtar á fhorbairt i sraith: gnéithe tábhachtacha do shealbhú teanga agus suim sa léitheoireacht a spreagadh san aoisghrúpa seo.

## 2.2 Focail a Aithint. Ó Chluas agus ó Bhéal go dtí an Focal Scríofa

Seasann comharthaí na haibítire d'fhóiním a nasctar le fóinímí eile agus a nasctar sa deireadh le focal a dhéanamh a bhfuil ciall leis. Le léitheoireacht na teanga a fhoghlaim caithfidh páiste an nasc idir na litreacha agus na fuaimeanna a thuiscint. Tá sé riachtanach don fhoghlaimoir a thuiscint go léiríonn litriú scríofa na bhfóinímí na focail labhartha, feiniméan atá ann ar a dtugtar *'the alphabetic principle'*.

Sa Bhéarla tá 44 fóiním ann agus 26 litir ann a sheasann do na fóinímí seo. Leis an léitheoireacht a fhoghlaim caithfidh an páiste an nasc idir an dá rud seo a thuiscint.

Tá ar a laghad 60 fóiním sa Ghaeilge agus an chuma ar an scéal nach féidir aontú ar an fhiigiúr cheart. Tá Caighdeán Oifigiúil ann do scríbhneoireacht na Gaeilge ach gur coiméadach iad cainteoirí na Gaeilge, i dtaca lena gcuid canúintí sa chaint.

Tá fóinímí agus fuaimeanna sa Ghaeilge atá in éag agus ag dul in éag. Tá dhá dhearcadh ann maidir le foghlaimoirí na Gaeilge agus an Ghaeilge mar theanga scoile ag páistí. Tá daoine ann atá i bhfách le hathbheochan iomlán na bhfuaimeanna, cé nach gcluintear sna Gaeltachtaí féin iad. A mhalairt de dhearcadh atá ag múinteoirí scoile den chuid is mó, nó is iad atá ag déileáil le cúrsaí curaclaim, cúrsaí sláinte, cúrsaí sábháilteachta agus go leor gnéithe eile a bhaineann le páistí an lae inniu.

Ar an ábhar sin tá céim in ísle tugtha d'fhoghraíocht agus d'fhuaimneanna an dara teanga agus is cinnte go mbeadh níos lú fóinímí in úsáid sna seomraí ranga dá bharr. Is cinnte go gcuideónn labhairt chruinn na Gaeilge le scileanna léitheoireachta agus le scileanna litrithe na Gaeilge.

Tá eiseamláir labhartha de dhíth ar na páistí i gcóras na Gaelscolaíochta agus mura gcluineann siad féin na fuaimeanna sna focail beidh deacracht acu féin an focal a rá, an focal a aithint i bhfoirm scríofa agus an focal a litriú. Is teanga measartha rialta í an Ghaeilge maidir le córas litrithe ach na páistí na focail a fhuaimniú mar is ceart.

Dá mbeadh aird ar leith ar fhuaimneanna na bhfocal ag lucht scríofa nó lucht aistrithe leabhar bheadh sé ina chuidiú ag páistí fuaimeanna sna focail a fhoghlaim ina gcéimeanna agus aird a dhíriú ar na fuaimeanna sin a thugann deacrachtraí do pháistí. Cuidíonn leabhair ina mbíonn patrúin fuaime agus béim ar fhocail áirithe le páistí atá ag foghlaim na léitheoireachta ach is minic nach mbíonn aird ag scríbhneoirí na Gaeilge ar an riachtanas seo.

### 2.3 Curaclaim. Ó Thuaidh, Ó Dheas agus sa Bhreatain Bheag

Leantar ar aghaidh le dúil a spreagadh sna leabhair ar scoil agus aithnítear sa dá churaclam sa tír seo, ó thuaidh agus ó dheas, an tábhacht a bhaineann le leabhair ón fhíorthús.

Tá straitéisí nua léitheoireachta molta sna curaclaim oideachais ó thuaidh agus ó dheas agus an chuma orthu gurb é bealach a leasa iad. Is léir go dtuigtear anois gur ullmhúchán í an léitheoireacht a dhéantar ar scoil don saol mór atá romhainn.

Sna seanscéimeanna a bhí dírithe ar an léitheoireacht bhí scéalta gairide nó sleachta gairide agus ceachtanna ina ndiaidh. De ghnáth bhíodh cineál amháin léitheoireachta i gceist sna leabhair seo agus stíl amháin scríbhneoireachta do gach léitheoir. Rinne sin an léitheoireacht leadránach do chuid mhór páistí agus cheangail na páistí léitheoireacht na Gaeilge le ceachtanna neamhshuimiúla agus, ar ndóigh, ní raibh áit ar bith ann le páistí a spreagadh le bheith ag léamh go neamhspleách. Tá na scéimeanna seo in úsáid ag scoileanna go fóill.

Sna curaclaim úra a thosaigh i bPoblacht na hÉireann sa bhliain 1999, agus atá le tosú i dTuaisceart Éireann i Meán Fómhair 2007, tá réimsí leithne stíle molta ó thaobh na léitheoireachta de agus cuma níos spreagúla ar an chur chuige.

Moltar léitheoireacht ar stíleanna éagsúla; leabhair neamhfhicsin, drámaí, oidis, treoracha, dánta, leabhair eolais, greannáin agus scéalta chomh maith. Tá fadhb go fóill ann maidir leis an Ghaeilge agus na moltaí úra seo agus, is é sin, na téacsanna seo bheith ar fáil i nGaeilge. Tá céatadán an-íseal ann de leabhair neamhfhicsin i nGaeilge do pháistí ó 2 go 12 ach go háirithe do na léitheoirí is óige sa ghrúpa seo.

Tá bealach fada romhainn agus tá moltaí sna curaclaim ó thuaidh agus ó dheas le suim na bpáistí a chothú sa léitheoireacht neamhspleách agus le léitheoireacht a spreagadh sna páistí. Tá moltaí ann gur chóir páistí a stiúradh i dtreo leabhair de gach réimse; ficsean, neamhfhicsean, drámaí, dánta, leabhair ina bhfuil cláir, innéacs, léarscáileanna, fotheidil, oidis, agus treoracha. Tá ganntanas mór den chineál seo leabhar i nGaeilge.

*Reading experiences should be informal and enjoyable, with children learning in an environment where print is all around them, for example, in captions, labels and instructions. Children should have access to a wide range of reading materials throughout the day, for example, menus, catalogues, fiction, non-fiction, comics, magazines, on-screen text, personalised books, class books, and books related to areas of play. They should have regular opportunities as a whole class, in small groups and individually to see modelled reading and to participate in shared reading. (The Revised Northern Ireland Primary Curriculum and Irish-Medium Adaptations)*

Maidir le leabhair, ní fiú, mar sin, téacsanna a thabhairt do pháistí atá ag foghlaim na



léitheoireachta, nó go gairid i ndiaidh tosú ar an léitheoireacht, nuair nach bhfuil foclóir na leabhar ar eolas ag na páistí. Tá áit ann d'fhocail ardmhnicíochta agus focail atá furasta a dhíchódú sna téacsanna seo.

Sa Bhreatain Bheag mhaoinigh an Welsh Assembly Government taighde den chineál seo (2003 – 2005). Is é *Ein Geiriau Ni* an t-ainm atá air. Corpas atá ann do litríocht pháistí sa Bhreatnais ina bhfuil bailiúchán de níos mó ná 3,000,000 focal a úsáideadh i leabhair do pháistí i mBreatain.

Ghlac sé dhá bhliain frásaí agus focail a chur le chéile a úsáidtear go coitianta i litríocht do pháistí agus a bheadh mar thúsphointe ag scríbhneoirí eile atá ag scríobh do pháistí mar thagairt don teanga. Tá súil ag oideachasóirí na Breataine Bige go gcuirfidh an straitéis seo le scileanna léitheoireachta na bpáistí.

Úsáidtear an corpas chomh maith don mheasúnú sa léitheoireacht. Tá sé róluath a rá go fóill cé acu a d'éirigh leis an chur chuige seo nó nár éirigh ach bheadh sé an-úsáideach ag scríbhneoirí agus ag aistritheoirí foinse eolais den chineál seo bheith ar fáil agus, ar ndóigh do mhúinteoirí agus d'oideachasóirí mar fhoinse thosaigh don mheasúnú.

Is aistriúcháin den chuid is mó iad leabhair pháistí sa Bhreatain Bheag cé gur scríbhneoirí aitheanta den chuid is mó a dhéanann na haistriúcháin. Is daoine iad mar sin a thuigeann na spriocléitheoirí agus a gcuid riachtanas. Tá siad i ndiaidh leagan de *The Oxford Reading Tree* a chur in oiriúint don Bhreatnais le bliain anuas.

Tá céatadán ard de pháistí sa Bhreatain Bheag arb í an Bhreatnais í a gcéad teanga. Mar sin tá líofacht teanga acu roimh thosú ar an léitheoireacht. Cuirtear sraith de bhunleabhair ar fáil dóibh siúd atá ag foghlaim na Breatainise ar scoil den chéad uair. Is leabhair iad seo a scríobh foireann saineolaithe sa réim seo (Baker, 1985). Bhí scéim in úsáid sa Bhreatain Bheag a raibh *Cyres y Ddraig* air. Pacáiste a bhí ann ina raibh leabhair, luaschátaí, cártaí aibitíre, amhráin agus lámhleabhair. Bhí foireann iomlán ag obair ar an scéim seo, idir mhúinteoirí, oideachasóirí, teiripithe cainte, síceolaithe.

Bunaíodh an scéim seo ar mhodh eolaíoch sa mhéid is gur taifeadadh 1000 páiste i 30 scoil agus go ndearnadh cuntas ar na focail agus ar na habairtí a d'úsáid siad. Bunaíodh an scéim léitheoireachta ar a bailíodh idir abairtí agus scéalta.

Rinneadh trialacha go forleathan ar an scéim agus d'éirigh go han-mhaith léi. Bhí an fhoireann ábalta ionchur a bheith acu le habairtí ar leith, le luí isteach ar dheacrachtaí, le béim a dhíriú ar fhoghraíocht, ar mhnicíocht focal agus ar athrá. Éiríonn níos fearr le scéimeanna den chineál seo sa Bhreatain Bheag ná mar a éiríonn leis na scéimeanna Béarla.

Déanann Colmán Ó Raghallaigh tagairt don Bhreatain Bheag in alt aige ar chaint a thug sé ag an Siompóisiam Faoin Léitheoireacht. Luann sé Comhairle Leabhar na Breataine Bige atá lárnach ag an dáiliúchán agus ag an mhargaíocht agus foireann de bhreis agus dhá scór ag obair go lánaimseartha ann. Cuireann sé an cheist “*An mbeadh ár dteanga Cheilteach féin agus go deimhin, foilsitheoireacht na Gaeilge, níos láidre anois dá mba faoi Rialtas na Breataine a bheimis?*” (2003: 79)

Is cinnte go bhfuil cuma níos sláintiúla ar chúrsaí sa Bhreatain Bheag agus arís in Albain, áit a mbíonn deontas ag an Stórlann Náisiúnta le leabhair a fhoilsiú agus a dháiltear ina dhiaidh sin ar scoileanna Gaeilge saor in aisce. Agus cé go bhfuil Gaeilge na hAlban agus an Ghaeilge i dTuaisceart Éireann faoin rialtas céanna i Westminster, ar chúis éigin ní hionann an cás i dTuaisceart Éireann áit a bhfuil an tÁisaonad i gColáiste Ollscoile Naomh Muire ag brath ar dheontais ó Fhoras na Gaeilge agus a chaithfidh leabhair a dhíol. I bPoblacht na hÉireann braitheann na foilsitheoirí ar dhíol leabhar agus ar dheontais chomh maith.

## 2.4 Gaeilge na bPáistí agus an Léitheoireacht

I gcás na Gaeilge de tá níos lú seans ag na páistí foclóir leathan a bheith acu nó is i mBéarla a labhraíonn 95% (Gaelscoileanna) acu sa bhaile;

*The majority of children attending primary school in Ireland are native speakers of English, for whom learning to read in Irish is an experience of second language reading. (Tina Hickey, 2001: 55)*

Den chuid is mó is páistí a bhfuil Béarla mar chéad teanga acu iad na páistí atá ag freastal ar Ghaelscoileanna na hÉireann agus tá siad ag foghlaim léitheoireacht na Gaeilge mar dhara teanga. Ach tá grúpaí éagsúla ann chomh maith ar chóir dóibh bheith ar intinn ag na foilsitheoirí agus iad ag smaoinemh ar an lucht léitheoireachta:

- Páistí na Gaeltachta ar tógadh le Gaeilge iad agus a fhreastalaíonn ar scoileanna Gaeltachta ach a bhfuil cultúr an Bhéarla go láidir thart orthu.
- Páistí atá taobh amuigh den Ghaeltacht ar tógadh le Béarla iad agus atá ag freastal ar Ghaelscoileanna agus iad ag foghlaim na Gaeilge mar dhara teanga.
- Páistí atá taobh amuigh den Ghaeltacht ar tógadh le Gaeilge iad agus atá ag freastal ar Ghaelscoil.
- Páistí ar tógadh le Gaeilge iad agus atá ag freastal ar scoil Bhéarla.

Níl go leor leabhar ar fáil le freastal ar cheann ar bith de na grúpaí sin agus tá fadhbanna ag baint le húsáid na leabhar Gaeilge atá ar fáil. Cuirtear na leabhair chéanna ar fáil le freastal ar chainteoirí dúchais agus ar fhoghlaimeoirí teanga ag aoiseanna éagsúla, bíonn cumais éagsúla teanga agus cumais éagsúla léitheoireachta ag an dá dhream.

Nuair a thosaíonn páistí ag léamh ní hionann an leibhéal teanga s'acu agus an leibhéal suime a bhíonn acu in ábhar na léitheoireachta. Tugann foilsitheoirí aird air seo nuair a chuireann siad aoisghrúpa ar chlúdach an leabhair nuair nach mbíonn caighdeán an téacs ag teacht le stíl nó le cuma an leabhair maidir leis an aoisghrúpa. Moltar gan aoisghrúpa a chur ar chlúdach leabhair.

Ag tarraingt ar an taighde, deir Tina Hickey agus Pól Ó Cainín (2003: 28) gur féidir a rá go gcothaíonn léitheoireacht rialta sa Ghaeilge:

- Feabhas ar aithint focal agus ar scileanna díchódaithe;
- Foclóir níos leithne;
- Scileanna labhartha níos fearr;
- Tuiscint sa dara teanga;
- Inspreagadh chun sealbhú na Gaeilge a thapú.

Tá meascán straitéisí ar siúl sa tír maidir le páistí a chur a léamh. Cuirtear tús sna Gaelscoileanna i dTuaisceart Éireann le léitheoireacht na Gaeilge atá mar T2 don chuid is mó de na páistí. Is ionann seo agus an straitéis atá ar siúl sa Bhreatain Bheag agus in Albain maidir leis an Bhreatnais agus Gaeilge na hAlbain.

*In the case of children entering a Gaelic-medium school at P1 who are not fluent Gaelic speakers, the main emphasis in the first two years will be on gaining oral competence in Gaelic. This is the immersion phase. (Scottish Office Education Department, 1993) (Luaite in Ní Bhaoill & Ó Duibhir, 2004:5)*

Cuirtear tús leis an léitheoireacht sna Gaelscoileanna níos moille ná mar atá amhlaidh sna scoileanna Béarla le go mbeidh dúshraith teanga ag na páistí roimh thosú. Úsáidtear straitéisí éagsúla le tacú le sealbhú teanga trí dhrámaí, rainn, amhráin, ghníomhaíochtaí agus athrá. Is gléasanna tábhachtacha iad leabhair agus scéalta maidir le sealbhú teanga, go háirithe na scéalta sin a léitear arís agus arís eile, ina bhfuil rainn nó deilíní nó rím atá páistí ábalta a inmheánú agus a úsáid ina gcuid cainte féin. Tá teanga na leabhar seo ríthábhachtach ag an leibhéal seo nó is iad a bheidh mar dhúshraith agus mar eiseamláir teanga ag páistí agus iad ag sealbhú T2.

De réir Ní Bhaoill agus Uí Dhuibhir (2004:5), fuarthas amach go dtosaítear ar léitheoireacht an Bhéarla i dtús báire i 70% de na Gaelscoileanna taobh amuigh den Ghaeltacht i gCúige Chonnachta;

*Tugtar tús áite don Bhéarla atá mar mháthairtheanga (T1) ag formhór na bpáistí. Tá an polasáí seo i roinnt scoileanna tumoideachais i gCeanada (Noonan et al., 1997). Déantar amhlaidh mar go gcreidtear go mbeidh sé níos éasca ar an bpáiste dul i ngleic leis an téacs scríofa ina mháthairtheanga ar dtús, mar go bhfuil bunús maith faoina chumas cainte inti (Ewart agus Straw, 2001).*

## 2.5 An Caighdeán agus Foghlaim na Léitheoireachta

Is fada ó ceapadh caighdeán oifigiúil do litriú na Gaeilge ach ní ghlactar go huile is go hiomlán leis go fiú sa lá atá inniu ann. Den chuid is mó bíonn an Caighdeán Oifigiúil in úsáid ag foilsitheoirí na tíre, go háirithe iad siúd atá ag foilsiú leabhar do pháistí.

Molann an tOllamh Dónall Ó Baoill rud a dtugann sé ‘An Caighdeán leathan agus an caighdeán cúng’ air agus é ag maíomh go bhfuil ócáidí airithe ann do chanúint an scríbhneora agus áiteanna eile a bhfuil gá le leanúnachas.

Is cás don leanúnachas é foilseacháin do pháistí áit a bhfuil sé riachtanach go bhfeicfidh páistí an litriú céanna i gcónaí ar fhocail.

Tá difríochtaí faoi láthair ag comhlachtaí foilseacháin ó dheas agus ó thuaidh. Difríochtaí gramadaí nuair a chuirtear urú ar ainmfhocal sa tuiséal tabharthach ó dheas, áit a mbíonn séimhiú ó thuaidh. Tá difríochtaí san fhoclóir chomh maith, *madra/madadh, freisin/fosta, cúnamh/cuidiú*.

## 2.6 Siompóisiam Faoin Léitheoireacht

Reáchtáladh Siompóisiam Faoin Léitheoireacht ar an Spidéal i gContae na Gaillimhe 2002. Tugadh aghaidh go hoscailte ar na fadhbanna a bhaineann leis an ghanntanas léitheoirí Gaeilge

atá ann, agus ar na deacrachtaí litearthachta a mheastar a bheith ar cheann de na cúiseanna atá leo sin.

Labhair Colmán Ó Raghailigh ag an Siompóisiam. Is foilsitheoir agus scríbhneoir é a thuigean an fhadhb;

*Tá dhá fhíric nach bhfuil aon dul thairis sa chomhthéacs seo. Ar an gcéad dul síos ní ionann bheith ag 'léamh' léitheoirí scoile agus grá nó cumas don léitheoireacht Ghaeilge a fhorbairt i bpáiste ar bith. An dara rud agus b'fhéidir an rud is bunúsaí ar fad, ná go bhfágann 99% de ghnáthscoláirí bunscóile Rang 6 gan oiread agus leabhar amháin Gaeilge a bheith léite acu riamh. Mar sin, go dtí go scaoiltear greim mharfach na gcomhlachtaí leabhar ar an gcuraclam Gaeilge agus an curaclam a oscailt don uile chineál léitheoireachta ní féidir tosú i gceart ar chothú na fíorléitheoireachta le daoine óga. (2003: 75)*

Agus í ag tagairt do léitheoirí óga na Gaeltachta in *Idir Lúibíní* scríobhann Máire Denvir go n-amharctar ar pháistí ar tógadh le Gaeilge iad ar an dóigh chéanna is a amharctar ar pháistí ar tógadh le Béarla iad agus gur slat tomhais an Bhéarla a úsáideadh dá gcuid riachtanas. Scríobhann sí:

*D'fhág sé sin gasúir na Gaeltachta ag brath den chuid is mó ar leabhair Bhéarla nár thuigeadar i gceart agus ar leabhair Ghaeilge nárbh fhiú dóibh a iompar abhaile ón scoil, mar nach raibh siad ag freastal dubh, bán ná riabhach ar a gcumas teanga ná ar a dtaithe saoil. (2003:100)*

Agus:

*In áit féachaint le straitéis úrnuá don Ghaeilge a chur ar fáil, fágadh scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí i muinín seantéacsleabhair Béarla agus seanbhealaí foghlama a bhí as dáta le blianta in áiteanna eile sa tír. (2003: 101)*

Agus:

*Tá géarghá le hábhar substaintiúil a chur ar fáil sa nGaeilge féin do pháistí a thógtar le Gaeilge. (2003: 104)*

Sa Siompóisiam céanna déanann Seosamh Ó Murchú, eagarthóir sinsearach an Ghúim, tagairt do na téacsleabhair atá ar fáil i nGaeilge. Is fadhb eile iad seo sa mhéid is go meastar gur deacair ar fad caighdeán na Gaeilge atá iontu. Is léir go bhfuil aird ar leith ar an fhadhb seo agus bhí Comhdháil ag an Ghúm féin sa bhliain 2005 do mhúinteoirí agus d'fhoilsitheoirí eile, áit ar pléadh straitéisí scríbhneoireachta agus caighdeán na Gaeilge sna téacsleabhair. Cuireadh seo faoi bhráid An Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus tá straitéisí úra anois ag an Ghúm maidir le múinteoirí a úsáid ar bhun comhairleach ó thaobh caighdeán na Gaeilge sna téacsleabhair. I dTuaisceart Éireann déanann an tÁisaonad iarracht an próiseas céanna a leanúint leis na haistriúcháin s'acusan. Ach deir Ó Murchú an méid seo faoi na téacsleabhair:

*I dtaca leis an nGaeilge de agus teirce na dtéacsleabhar atá ar fáil dóibh siúd atá ag foghlaim trí mheán na Gaeilge ní foláir a chur san áireamh gur dóichí gur laige a gcumas léitheoireachta sa Ghaeilge ná sa Bhéarla, fiú i measc na ndaltaí is fearr agus, dá leomhfainn a rá, i measc aos óg na Gaeltachta chomh maith. (Ó Murchú, 2003: 87)*

Admhaíonn sé fosta nach bhfuil an t-ábhar do dhéagóirí faoi láthair go hiomlán sásúil, agus é seanfhaiseanta, ró-urramach agus róshábháilte, ach go háirithe leabhair atá foilsithe ag an Ghúm féin. Agus é ag iarraidh a thuiscint cad é an cineál leabhair a thaitníonn le déagóirí, luann Ó Murchú an ráchairt a bhí ar eachtraí Réics Carló a scríobh Cathal Ó Sándair. D'fhoilsigh an Gúm 120 dá chuid leabhar, ceithre cinn in aghaidh na bliana agus cuireadh athchló faoi dhó taobh istigh de bhliain ar an chéad leabhar leis, *Na Mairbh a d'fhill* i 1943.

Is léir go dtuigeann Ó Murchú an bealach atá romhainn agus an bealach atá roimh an léitheoir óg le léitheoir fásta a dhéanamh de;

*Is ionann an léitheoireacht a chothú i measc déagóirí agus fómhar an tsíl a chuirtear agus iad in aois na léitheoireachta neamhspleáiche den chéad uair. Tosaíonn leanaí ar dhúil a chur i leabhair agus iad ina naíonáin ach is nuair a bhíonn cód na léitheoireachta scaoilte acu agus iad in aois a seacht nó ocht de bhlianta a bhláthaíonn a gcumas chun focail, abairtí, rainn agus sleachta próis a léamh agus taitneamh pearsanta a bhaint astu. Ach an t-eispéireas agus an taithí sin a bheith dearfach go leor is féidir bheith cuibheasach cinnte go mairfidh an dúil sin sna leabhair agus sa léitheoireacht ar feadh a saoil. (2003:92)*

Tá an chuma ag teacht ar an scéal anois go bhfuil foilsitheoirí na Gaeilge ag éirí níos éifeachtaí ó thaobh soláthar leabhar do pháistí de. Tá líon na leabhar ag méadú agus tá cuma níos tarraingtí orthu. Caithfear pleanáil a dhéanamh go struchtúrtha agus na háiseanna is nua-aimseartha a chur ar fáil don léitheoireacht.

Is léir fosta áfach nach mbíonn go leor airde ag foilsitheoirí ar an obair atá ar siúl ag a gcomhghleacaithe. Is minic a fhoilsíonn foilsitheoirí do pháistí an cineál céanna leabhar taobh istigh de thréimhse ghairid.

Agus is féidir a rá chomh maith go bhfuil bearnaí móra i litríocht na bpáistí nach bhfuil aird ag foilsitheoir ar bith orthu. Tá bearnaí ann sna réimeanna seo: leabhair shimplí ina bhfuil rím, leithéidí *Duck in a Truck* (Collins); leabhair neamhfhicsin, go háirithe do na léitheoirí is óige; greannáin; agus leabhair a bhaineann le rudaí a thaitníonn go mór le buachaillí.

## Litríocht do Pháistí. Cad é a Oibríonn?

### 3.0 Intreoir

Sa chaibidil seo pléitear stair litríocht do pháistí agus staid na réime litríochta seo sa lá atá inniu ann. Amharctar go stairiúil ar leabhair a n-éiríonn go maith leo agus an tábhacht a bhaineann le spriocléitheoirí a thuiscint leis an rogha chearta a dhéanamh ó thaobh leabhair a roghnú le foilsíú nó le haistriú. Amharctar ar na leabhair a thaitníonn le páistí agus cad chuige.

### 3.1 Páistí agus an Litríocht

Is rudaí an-chasta ar fad iad leabhair do pháistí. Is daoine fásta a scríobhann, a aistríonn, a mhaisíonn agus a fhoilsíonn iad, ach is páistí den chuid is mó a léann iad. Cad é mar a bhíonn a fhios ag na scríbhneoirí agus ag foilsitheoirí cad é a oibríonn do na léitheoirí criticiúla seo?

Tá an dearcadh ar litríocht do pháistí i ndiaidh athrú go suntasach le blianta beaga anuas. Aithníonn foilsitheoirí go bhfuil margadh mór amuigh ansin idir pháistí agus thuismitheoirí, rud a léiríodh leis an tsraith leabhar faoi *Harry Potter* (Bloomsbury) a dhíol breis is trí mhilliún cóip agus a aistríodh go trí theanga is seasca, an Ghaeilge san áireamh. Tháinig J.K.Rowling sa dara háit do ghradam an Whitbread Book of the Year (Costa Book of the Year), sa bhliain 1991. Seamas Heaney a fuair an chéad duais. Is athrú suntasach é seo i saol na litríochta go raibh scríbhneoir leabhar do pháistí san áireamh ar chor ar bith gan trácht ar bheith ainmnithe don duais féin. Bhain Philip Pullman, scríbhneoir do pháistí, an duais mhór i 2001.

Aithnítear go ginearálta na laethanta seo go bhfuil buntáistí móra ag baint le páistí a léann, go dtig leo litriú níos fearr, go dtig leo féin scríobh níos fearr agus go dtuigeann siad an ghramadach níos fearr. Léiríonn taighde (Hunt, 2005) gur mó a léann páistí faoi dhá bhliain déag ná mar a léigh siad tríocha bliain ó shin, chomh maith leis sin foilsítear 8,000 leabhar do pháistí sa Bhreatain amháin gach bliain. Caithfidh sé go bhfuil duine éigin á gceannach agus á léamh.

### 3.2 Léitheoireacht Pháistí na Linne Seo. Cad é a thaitníonn leo?

Is margadh an-mhór é litríocht pháistí i mBéarla, rud a dhéanann cás litríocht pháistí na Gaeilge níos deacra arís. Tá sé níos deacra páistí a spreagadh chun léitheoireachta i nGaeilge nuair atá leabhair Bhéarla níos tarraingtí. Caithfear amharc go cúramach ar na rudaí a thaitníonn le páistí agus sin a chur ar fáil dóibh ar bhealach tarraingteach.

Lena thuiscint cad é a thaitníonn le páistí ó thaobh leabhar de is gá leabhair do pháistí a léamh agus eolas a fháil ar an chineál ruda a léann páistí. Is gá a thuiscint cad é mar a oibríonn pictiúirleabhair, an chomhréir atá ann maidir le pictiúir agus téacs agus an dóigh a luíonn an téacs leis an phictiúr. Is gá aithne a chur ar pháistí, an teanga s'acu a thuiscint, an ghramadach agus an foclóir s'acu a thuiscint.

Tá taighde de dhíth roimh thosú ar an scríbhneoireacht do pháistí. Caithfidh an scríbhneoir agus an t-aistritheoir bheith ábalta an saol a fheiceáil trí shúile an léitheora, an páiste. Deir Oliver Postgate (*Ivor the Engine, Bagpuss*) go gcaithfidh tú bheith toilteanach dul ar do ghlúine beaga agus an domhan a fheiceáil ón pheirspectíocht sin.

Is margadh é seo atá ag athrú ó lá go lá agus is gá bheith istigh ar an rud is déanaí. Go díreach

mar a bhíonn bréagáin do pháistí ag síorathrú bíonn leabhair ag dul tríd an phróiseas chéanna. Is criticeoirí géara iad páistí.

Is maith le páistí ábhair léitheoireachta a chuirfeadh uafás ar a dtuismitheoirí, údair mar Roald Dahl, Jacqueline Wilson agus Paul Jennings a chuirfeadh isteach ar chéadfacht na dtuismitheoirí agus ar cuireadh cosc ar chuid den teanga s'acu i Meiriceá.

D'éirigh le Dahl de thairbhe go mbaineann a chuid focal geit as daoine fásta. Maidir le leabhair neamhfhicsin tá an tsraith *The Horrible Histories* (Terry Deary, Scholastaic) ann a bhfuil an-rath orthu i measc léitheoirí óga, mar leabhair eolais ina bhfuil cur síos ar rudaí uafásacha ar dhóigh fhuilteach fhoréigeanach a thaitníonn le páistí.

Ní éiríonn le leabhair atá saothrú, ag iarraidh eolas a thabhairt do pháistí ar dhóigh mhorálta. Mar a bhraith an síceolaí Jerome S. Bruner (1960) nuair a thriail sé dhá shiollabas chodarsnacha le saoránacht a theagasc: ceann acu bunaithe ar an saol mar a aithnímid é agus ceann eile bunaithe ar staidéar antraipeolaíoch ar threibh Eiscimeach. D'fhoghlaim na páistí i bhfad níos mó trí amharc ar na hEiscimigh nó gur síníodh an tsamhlaíocht s'acu taobh amuigh den réimse taithí s'acu.

Is maith le páistí, mar sin, scéalta a thugann taobh amuigh den saol s'acu féin iad le taithí eile a fháil ar an tsaol.

Rinne Brian Ó Baoill suirbhé ar léitheoireacht aos óg na Gaeltachta sa bhliain 1999 mar ábhar taighde don iris *Feasta*. Fuair sé amach go raibh dúil acu i sraitheanna mar *Sweet Valley High*, *Sabrina the Teenage Witch*, *Goosebumps*, *Harry Potter*, *Nancy Drew*, saothar *Roald Dahl*, *Enid Blyton*, *Judy Blume*, *Anne Frank*, nó *Playstation Total* nó *Horrible Histories*. Nuair a cuireadh ceist ar dhaoine óga cad chuige nár léigh siad i nGaeilge dúirt siad, "Níl na scéalta go maith. Níl horror agus rudaí mar sin iontu. Ní bhíonn leabhair i nGaeilge suimiúil." (Denvir, 2003: 105)

Ón áisfhreagra a fuarthas ó mhúinteoirí don taighde seo dúirt 60% gur mhaith leo pictiúrleabhar a fheiceáil aistriithe go Gaeilge a bhfuil an-ráchairt orthu i mBéarla. Ach dúirt 68% sa cheistneoir chéanna nach maith leo úrscéalta a fheiceáil i nGaeilge a bhfuil an-ráchairt orthu i mBéarla, go háirithe má tá tréimse fhada ama i gceist leis an leabhar a aistriú go Gaeilge agus má tá an leabhar léite ag páistí i mBéarla cheana féin. Ach léiríonn an freagra seo an difear suntasach atá ann maidir le pictiúrleabhair, a roghnaíonn daoine fásta go minic le léamh os ard le páistí, agus úrscéalta, a roghnaíonn na páistí féin, lena léamh go neamhspleách. Mar sin, má tá rogha ag páistí leabhar a léamh i mBéarla nó i nGaeilge roghnóidh siad an leagan Béarla.

### 3.3 Aois Léitheoireachta agus Leibhéal Teanga

Is minic aois léitheoireachta molta do leabhair do pháistí i nGaeilge nach bhfuil ag fóirstean ar chor ar bith. Tá roinnt pictiúrleabhar ann a mholtar do léitheoirí aois 6 go 9 agus pictiúrleabhair eile ina bhfuil níos mó téacs atá molta do pháistí ó 8 go 11 cé go bhfuil cuma agus ábhair na leabhar measartha leanbaí. Is aistriúcháin den chuid is mó ón Bhéarla na leabhair seo. Níl leibhéal teanga na leabhar ag teacht le leibhéal suime na leabhar maidir leis an aoisghrúpa atá molta ag na foilsitheoirí.

Is sampla maith den chodarsnacht seo an tsraith leabhar ar an stair, *Na Lochlannaigh*, *Na Ceiltigh*,

Na hÉigiptigh, a d'fhoilsigh an Gúm. Is leabhair neamhfhicsin iad a aistríodh ó Bhéarla agus tá siad ar ardchaighdeán foilseoireachta. Tá siad iontach tarraingteach ag léitheoirí óga, le pictiúir agus grianghraif, tréshoilseáin agus léaráidí. Ach tá an téacs féin chóir a bheith dothuigthe ag na páistí a chuirfeadh suim iontu. B'fhearr amharc ar stíl na leabhar, ó thaobh crutha, déantúis agus pictiúr, le leibhéal na teanga a aimsiú.

Tá fórbheagán leabhar ann anois atá dírithe ar aoisghrúpa áirithe. Aithníonn foilsitheoirí anois go dtig le tuismitheoir leabhar a léamh do pháiste agus iad an-óg agus go dtig leis an pháiste chéanna an leabhar céanna a léamh go neamhspleách blianta ina dhiaidh. Chomh maith leis sin, ní hionann ábaltachtaí gach páiste agus thig le páiste seacht mbliana d'aois an leabhar céanna a léamh le páiste atá deich mbliana d'aois. B'fhearr mar sin, gan aoisghrúpa a lua le leabhair.

Ach tá tréithe ann a thaitníonn le haoisghrúpaí éagsúla.

Is maith le páistí 0 – 3 clárleabhair, atá praiticiúil do thuismitheoirí ar an ábhar nach stróicfead iad.

Tá pictiúirleabhair ann do pháistí 4 – 6 ina mbíonn thart faoi dhá leathanach is tríocha de scéal agus cuid mhór pictiúr.


Tá úrscéalta ann do pháistí 5 – 7 ina mbíonn céatadán ard pictiúr go fóill. Do pháistí faoi 8 mbliana d'aois úsáidtear 8000 – 12,000 focal.

Don ghrúpa is mó, 8 – 12, tá na húrscéalta fada ann agus is é seo an grúpa is mó sa mhargadh. Bhíodh an nós ann 25,000 focal a úsáid i leabhair don aoisghrúpa seo ach tá an nós seo ag athrú le líon na bhfocal a mhéadú le leabhair Bhéarla i ndiaidh an ratha agus na suime a spreag leithéidí *Harry Potter*, leabhair ina bhfuil i bhfad níos mó focal ná a measadh a d'fhóir don aoisghrúpa seo roimhe. San am céanna an bhfuil léitheoirí Gaeilge réidh don mhéadú seo i líon na bhfocal? Is úrscéalta gairide atá de dhíth le daoine óga a spreagadh i dtreo léitheoireacht na Gaeilge i dtús báire.

Tá leabhair neamhfhicsin grúpaíthe de réir ábhair seachas de réir aoisghrúpa. Bíonn siad ceangailte le hábhair churaclaim.

### 3.4 Rogha na Leabhar

Is rud dóchasach é ó thaobh na Gaeilge de go measann freagróirí an cheistneora go bhfuil rogha mhaith déanta le blianta beaga anuas maidir le leabhair Ghaeilge do pháistí.





Tá athrú mór ar na leabhair a roghnaítear don aistriúchán go Gaeilge. Tá trí leabhar de chuid Julia Donaldson agus Axel Scheffer aistrithe go Gaeilge ag an Ghúm. *The Gruffalo*, *Room on the Broom* agus *The Snail and the Whale*.

Is leabhair an-tarraingteacha ar fad iad atá gleoite agus nua-aimseartha agus atá ar chuid de na pictiúrleabhair is fearr atá ar fáil do pháistí. Is cinnte gur leabhair iad a roghnódh páistí iad féin.

Is aistriúcháin iad a rinne Gabriel Rosenstock agus d'éirigh go han-mhaith leis an rím a choinneáil síos tríd, rud atá iontach tábhachtach ag páistí agus a bhfuil géarghá leis sa Ghaeilge. I gcás *The Snail and the Whale* chuir sé isteach logainmneacha na hÉireann sa téacs, a d'aithneodh páistí agus a thaitneodh leo, seachas logainmneacha Mheiriceá atá sa bhunleabhar.

Aistríodh *Room on the Broom* go *Scuabtha chun siúil* agus aistríodh *The Snail and the Whale* go *An Seilide* agus an *Míol Mór*. Is trua nach n-oibríonn na teidil chomh maith céanna i nGaeilge, go háirithe nuair is leabhair aitheanta atá i gceist agus tá páistí cleachta leis an leagan Béarla den teideal agus an rím ann.

Éiríonn go maith leis na pictiúrleabhair aitheanta de thairbhe go léann daoine fásta iad agus gur féidir iad a léamh agus a mhíniú i gcomhpháirt leis an pháiste.

Is scéal eile é ó thaobh úrscéalta aitheanta a aistriú go Gaeilge nó go roghnaíonn na páistí a gcuid leabhar féin ag an leibhéal seo agus go roghnóidh siad i mBéarla iad.

Tuigimid an tnúthán atá ag páistí sna tíortha eile agus iad ag fanacht le haistriúchán ar leithéidí *Harry Potter* le go dtig leo an scéal a léamh agus, leoga, bíonn na haistritheoirí faoi bhrú leis an leabhar a chur ar fáil, (d'aistrigh Jean-François Mènard *Harry Potter and the Goblet of Fire*, ina bhfuil 700 leathanach, taobh istigh de 63 lá mar gheall ar bhrú ó Warner Brothers).


I gcás an aistriúcháin go Gaeilge beidh an leabhar léite i mBéarla ag gach duine sula mbeidh aon iomrá ar leagan Gaeilge. Má tá rogha ag páistí léifidh siad an leabhar i mBéarla.

Ar an ábhar sin, is fearr i bhfad úrscéalta a scríobh ó bhun nó leabhair nach bhfuil furasta teacht orthu i mBéarla a aimsiú don aistriúchán, leabhair a aistriú ó theangacha eile ach leabhair a oibríonn go han-mhaith sa bhunteanga.

Tá céimeanna beaga de dhíth ar na páistí seo agus caithfear leabhair shuimiúla tharraingteacha a chur ar fáil leis an bhearna sa léitheoireacht a líonadh ó phictiúrleabhair (agus an léitheoireacht a dhéantar i gcuideachta duine fásta) go dtí an léitheoireacht neamhspleách, le muinín a spreagadh sna páistí ó thaobh léitheoireacht na Gaeilge de. Caithfear aird a dhíriú ar fhocail ardmhínicíochta, ar ghramadach shimplí, ar fhoghraíocht agus ar dhíchódú na bhfocal.

Sa cheistneoir cuireadh ceist ar mhúinteoirí na gnéithe is tábhachtaí a mhíniú agus páistí ag roghnú leabhar agus na cúiseanna nach roghnaíonn páistí leabhair Ghaeilge le léamh. Tá sé soiléir ón cheistneoir go n-aithnítear an fhadhb seo a bhaineann le teanga na leabhar chomh maith le leabhar a roghnú i mBéarla thar an leagan Gaeilge.

Má shléann tú nach páistí i nGallge tabhair cúiseanna



Cad é mar a roghnaítear leabhar atá maith le foilsiú nó le haistriú i nGaeilge?

Faigheann leabhar maith greim ar an pháiste. Caithfidh páiste bheith réidh le leabhar a léamh agus má tá an dúshraith ann don léitheoireacht chomhpháirteach, nuair a léann páiste le duine fásta, ba chóir do pháistí bheith ábalta leabhair a roghnú iad féin. Tá rogha agus réimse leathan de dhíth le cur os comhair an pháiste leis sin a bhaint amach. Tá tréithe áirithe ag leabhar a oibríonn le páistí agus is rudaí praiticiúla cuid mhór acu:

**Déantús an leabhair** – Láimhseálann páistí óga leabhair arís agus arís eile agus tá nós ag páistí níos sine an leabhar céanna a léamh roinnt uaireanta má thaitin sé leo an chéadair. Tá sé tábhachtach mar sin go gcuirtear na leabhair le chéile go maith agus nach dtitfidh siad as a chéile go furasta. Tá méid an leabhair tábhachtach sa mhéid is go gcaithfidh sé bheith compordach i lámha an pháiste.

**Pictiúirleabhair** – I gcás pictiúirleabhar de tá na pictiúir chomh tábhachtach leis an téacs féin. Caithfidh an pictiúr agus an téacs bheith ag teacht le chéile, caithfidh an pictiúr bheith ag cur leis an téacs agus caithfidh an téacs bheith ag cur leis an scéal. Ba chóir don phictiúr cur leis an téacs agus níos mó eolais a thabhairt ach gan an scéal nó an comhthéacs a athrú.

**An cló** – Tá stíl an téacs agus suíomh an téacs iontach tábhachtach do léitheoirí óga. Moltar cló *sans serif* do pháistí an-óg le go n-aithneoidh siad na litreacha. Tá an téacs doiligh a léamh don chuid is mó de na léitheoirí má tá teagmháil ann idir na litreacha. Tá méid an téacs agus suíomh an téacs ar an leathanach tábhachtach chomh maith le go mbeidh cothromaíocht idir an téacs agus na pictiúir.

**Cothromaíocht** – Tá sé tábhachtach go mbíonn na comhpháirteanna sa scéal i gceart don aoisghrúpa a bhfuil sé dírithe air agus don chinéal scéil atá ann. Ba chóir do phictiúirleabhar maith díriú ar théama amháin más do léitheoirí óga é. Thig le pictiúirleabhar d'aoisghrúpa níos sine déileáil le níos mó ná téama amháin nó le miontéama. Is ionann an téama seo agus an rud a thugann na páistí leo i ndiaidh an leabhar a léamh. Cuidíonn sé le páistí ciall a bhaint as an saol ach gan é a bheith teagascach. Ba chóir do pháistí sult a bhaint as an léitheoireacht ach is fearr é má fhoghlaimíonn siad rud éigin ag an am céanna.

**Na carachtair** – Caithfidh páistí tréithe maithe agus drochthréithe a fheiceáil i gcarachtair. Ní bhíonn daoine sa saol go hiomlán maith nó go hiomlán olc. Is maith le páistí aithne mhaith a chur ar na carachtair, na mothucháin a thuiscint agus carachtar a fhoghlaimíonn rud éigin nó a fhásann mar dhuine i rith an leabhair.

### 3.5 Cineálacha leabhar

De réir an Children's Literature Newsletter (1995) tá 6 chineál leabhar ann do pháistí:

**Pictiúirleabhair** – tá dhá chineál pictiúirleabhar ann. Tá leabhair ann ina bhfuil na

pictiúir lán chomh tábhachtach leis an téacs agus tá cineál ann do pháistí níos sine ina seasann an téacs leis féin agus tá na pictiúir ann le cur leis an téacs. Ní bhíonn na leabhair seo níos faide ná 48 leathanach.

#### **Filíocht**

**Litríocht Thraidisiúnta** – Scéalta a thagann ó thraidisiúin bhéil. De ghnáth bíonn ‘athinste ag..’ nó ‘curtha in oiriúint ag..’ ar an chlúdach agus tosaíonn siad le ‘once upon a time/Fadó, fadó’ agus críochnaíonn siad go sona. Bíonn patrúin de 3 rud sna scéalta seo, 3 charachtar, 3 ghníomh, srl.

**Sí-scéalta le casadh/Fractured Fairy Tales** – Scéalta a bhaineann le fantaisíocht sa lá atá inniu ann agus le ficseaneolaíocht. Is scéalta iad a bhaineann le maith in éadan oilc, le draíocht agus le cuardach de chineál éigin. Titeann na scéalta traidisiúnta atá athraithe sa rannóg seo fosta.

**Ficsean réalaióch nua-aimseartha** – Scéalta a bhaineann le saol na linne seo. Scéalta a bhaineann le carachtair a fhoghlaimíonn rud éigin nó a athraíonn ar dhóigh éigin. Cuidíonn na leabhair seo le tuiscint agus le forbairt phearsanta.

**Ficsean stairiúil agus beathaisnéis** – Ficsean a bhaineann leis an am a chuaigh thart.

**Leabhair eolais** – Tugtar neamhfhicsean ar na leabhair seo chomh maith.

Maidir le litríocht do pháistí i nGaeilge táimid gann go maith ó thaobh cuid de na cineálacha leabhar seo agus an chuma air mar sin nach bhfuil muid ag freastal ach ar chineálacha áirithe léitheoirí.

### **3.6 Buachaillí, Cailíní, agus an Léitheoireacht**

Tá fianaise ann fosta gur lú an tsuim atá ag buachaillí ná girseacha sa léitheoireacht, go háirithe ó thaobh ficsin agus na filíochta de. Tá sé seo amhlaidh le 25 bliain agus léiríonn staitisticí go méadaíonn an bhearna idir aois léitheoireachta na mbuachaillí agus aois léitheoireachta na gcailíní de réir mar a théann siad anonn in aois.

Is léir ón taighde atá déanta ag CCEA (The Council for the Curriculum, Examinations and Assessment) i dTuaisceart Éireann go n-athraíonn nósanna léitheoireachta na mbuachaillí ó scoil go scoil agus mar sin gur féidir dul i bhfeidhm ar léitheoirí ach réimse níos leithne leabhar a chur ar fáil dóibh agus cineálacha éagsúla léitheoireachta a chur ar fáil, Teicneolaíocht an Eolais san áireamh.

Léann buachaillí má bhaineann an t-ábhar léitheoireachta leis na caithimh aimsire s’acu ach níl an oiread céanna luach leis an chineál seo léitheoireachta sna scoileanna agus níl a oiread den chineál seo leabhar ar fáil i nGaeilge.

Ón suirbhé a rinneadh ar nósanna léitheoireachta buachaillí fuarthas amach gur leabhair eachtraí, grinn agus fantaisíochta is mó spéis ag buachaillí chomh maith le leabhair atá ceangailte le clár theilifíse nó scannán, agus leabhair bhleachtairachta. Is maith leo leabhair neamhfhicsin a bhaineann le peil, cogadh, uafás, agus eachtraí, agus is maith leo greannáin agus irisleabhair chomh maith.

Molann Seosamh Ó Murchú, an Gúm, gur chóir léitheoireacht na Gaeilge a cheangal le cúrsaí spóirt do léitheoirí óga, ach an dátheangachas ceart simplí a bheith i réim ar chlár na gcluichí ag CLG, agus gur bealach é seo le daoine a mhealladh le dul i gcleachtadh nádúrtha ar léitheoireacht na Gaeilge. Rinneadh seo leis an chluiche ‘Gaelic Games Football’ agus is cumhachtach ar fad é an ceangal sin a bheith idir sliocht Gaeilge agus cluiche Playstation.

## Aistriúcháin nó Bunleabhar?

### 4.0 Intreoir

Is aistriúcháin iad an chuid is mó de na leabhair atá ar fáil i nGaeilge do pháistí. Pléitear sa chaibidil seo na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le téacsanna aistrithe agus na féidearthachtaí atá ann na fadhbanna a bhaineann le téacsanna aistrithe a sheachaint.

### 4.1 An Díospóireacht



Is aistriúcháin iad mar sin cuid mhór de na leabhair Ghaeilge atá ar an mhargadh do pháistí faoi láthair. Is rud maith é aistriúcháin a chur ar fáil do pháistí ar na cúiseanna seo:

- Tá sé níos fusa ag an fhoilsitheoir. Níl de dhíth ach aistritheoir agus tá an leabhar maisithe cheana féin.
- Más leabhair iad ar éirigh go han-mhaith leo sa bhunteanga beidh suim ag páistí iontu agus spreagfaidh siad na páistí chun iad a roghnú sa chéad áit.
- Beidh ardchaighdeán i gceist maidir le pictiúir nó le stíl an leabhair agus más foilsitheoir cáiliúil atá i gceist beidh an leabhar curtha le chéile go maith.
- Is féidir níos mó straitéisí a bhaineann le leabhair a ‘chur in oiriúint’ a úsáid in áit bheith dílis don bhuntéacs.
- Is féidir leabhair i dteangacha eile a úsáid don aistriúchán ar leibhéal éagsúla taobh amuigh de na focail féin.
- Is féidir fealsúnacht, greann, eachtraí nó pictiúir a úsáid ach focail eile ar fad a chur leo.
- Is féidir cultúr agus taithí eile ar an saol a chur roimh shúile páistí tríd an aistriúchán.

Os a choinne sin, is drochrud é aistriúcháin a thabhairt do pháistí ar na cúiseanna seo;

- Do pháistí a bhfuil an Ghaeilge acu mar dhara teanga tá sé níos deacra acu aistriúcháin a léamh nuair nach bhfuil aird ar ardmhnicíocht focal agus ar scileanna díchódála an léitheora. Tá ceangal na gcúig gcaol ar an aistritheoir maidir le spás agus pictiúir de. Caithfear in amanna foclóir a úsáid nach mbeadh ag an léitheoir mar gheall ar phictiúir nó mar gheall ar easpa spáis le rud a mhíniú mar is ceart.
- Is aistriúcháin ón Bhéarla iad an chuid is mó de na leabhair atá againn do pháistí i nGaeilge. Tá éagsúlachta móra ann idir an Béarla agus an Ghaeilge agus nuair a aistrítear focail shimplí ghairide ón Bhéarla bíonn focail fhada chasta sa leagan Gaeilge go minic chomh maith le castacht gramadaí.
- Is minic aistritheoirí nach bhfuil eolas nó tuiscint acu don spriocléitheoir ag aistriú.
- Is maith an rud é tacaíocht agus fostaíocht a thabhairt do mhaisitheoirí agus d’ealaíontóirí na tíre seo.
- Maidir le téacsleabhair b’fherr saineolaithe ar na hábhair a fháil lena n-aistriú nó bheadh siad ábalta an t-eolas céanna a chur ar bhealach níos fusa, seachas aistritheoir gan eolas ar an ábhar a aistríonn focal ar fhocal de thairbhe nach dtuigeann sé an t-ábhar féin.
- Níl go leor aistritheoirí sa tír seo a bhfuil a n-aird ar mhnicíocht focal, ar na spriocléitheoirí ná ar chóras an tumoideachais.

Léiríonn an phíchart thíos na barúlacha a bhí sna ceistneoirí ar an Ghaeilge atá in úsáid i leabhair aistrithe i gcomparáid leis an Ghaeilge atá sna leabhair a scríobhtar i nGaeilge ó bhun.



Is léir go dtugtar túsáit don teanga atá sna leabhair agus cé go n-aithnítear an tábhacht atá le cuma na leabhar tá níos mó airde tugtha do léibhéal na Gaeilge. Luaigh cuid de na múinteoirí an tsraith léitheoireachta *Séideán Sí* mar shampla de bhunleabhair a bhfuil ag éirí go maith leo sna seomraí ranga.

Agus i mo thuairim féin creidim go bhfuil níos mó daoine i bhfách leis an aistriúchán i dTuaisceart Éireann ná mar atá i nDeisceart Éireann mar gheall ar na hiarrachtaí atá déanta ag an Áisaonad páirt a thabhairt do mhúinteoirí maidir le rogha na leabhar agus iad a chur in oiriúint don Ghaeilge.

Tá suíomh idirlín an-úsáideach ann [litriocht.ie](http://litriocht.ie) ar a bhfuil taifead déanta de gach leabhar Gaeilge atá i gcló. Tá taifead ann de 677 leabhar do pháistí agus cé nach sin iomlán na leabhar atá ar fáil i nGaeilge is féidir an t-eolas seo a úsáid le barúil a fháil ar chéatadán leabhar do pháistí arb aistriúcháin iad:

**2 – 6:** Tá 208 leabhar sa rannóg seo. Is aistriúcháin iad 164 acu, is é sin, 78.85% díobh.

**7 – 12:** Tá 364 sa rannóg seo. Is aistriúcháin iad 287 acu, is é sin, 78.85% díobh.

**Déagóirí:** Tá 89 sa rannóg seo. Is aistriúcháin iad 2 acu, is é sin, 2.25% díobh.

Cé nach raibh gach leabhar ar fáil ar an liosta seo is féidir céatadán a fheiceáil go soiléir ó na samplaí atá ar fáil agus an chuma air gur aistriúcháin iad 68.53% de na leabhair do pháistí ó 2 go 12 agus gur fórbheagán atá ar fáil do dhéagóirí ar chor ar bith ach gur bunleabhair an chuid is mó acu.

Tá Bord na Leabhar Gaeilge ann le tacú le scríbhneoirí agus foilsitheoirí chun ábhar i nGaeilge a chur ar fáil a chuireann le suim an ghnáthphobail sa léitheoireacht Ghaeilge. Bíonn scéimeanna éagsúla deontais ar bun ag an Bhord le scríbhneoirí a spreagadh chun bunleabhair Ghaeilge a chur ar fáil. Aithnítear chomh maith an fhadhb a bhaineann le téacsanna a aistriú ó Bhearla agus tá rannóg san Oireachtas d'aistriúcháin ó theanga ar bith seachas an Béarla.

## Leabhair a Aistriú do Pháistí Comhthéacs Idirnáisiúnta

### 5.0 Intreoir

Sa chaibidil seo amharctar ar aistriúcháin do pháistí go hidirnáisiúnta agus ar na rudaí éagsúla a théann i bhfeidhm ar an aistriúchán sa réim seo. Amharctar ar na bealaí éagsúla le cineálacha éagsúla leabhair a aistriú agus ar na rudaí ba chóir don aistritheoir a chur san áireamh san aistriúchán.

*“When I use a word”, Humpty Dumpty said, in a rather scornful tone, “it means just what I choose it to mean – neither more nor less.” “The question is”, said Alice, “whether you can make words mean so many different things.” “The question is”, said Humpty Dumpty, “which is to be master – that’s all.”*

Lewis Carroll, *Through the Looking Glass*, Chapter VI. 1871.

*“A translation is no translation...unless it will give you the music of a poem along with the words of it.”* J. M. Synge, *The Aran Islands* (1907)

### 5.1 Dearcadh an Aistriúcháin mar Thionchar ar an Cheird

Is tréithe intreacha de cheird an aistriúcháin iad suíomh agus cuspóir an aistriúcháin. Tugann an t-aistritheoir cultúr, taithí léitheoireachta agus, maidir le leabhair do pháistí a aistriú, an íomhá s’acu féin den luathóige. Athraíonn páistí ó áit go háit agus ó aois go haois. Caithfidh an t-aistritheoir a bheith ar an eolas faoi seo. Le leabhair do pháistí bíonn dlúthcheangail ann idir an léitheoir, an t-údar, an maisitheoir, an t-aistritheoir agus an foilsitheoir.

Maidir le leabhair a aistriú do pháistí caithfidh an t-aistritheoir a thuiscint go bhfuil tréithe áirithe i leabhair do pháistí. Tá ríthábhacht leis na pictiúir atá i bpictiúirleabhair agus caithfidh an t-aistritheoir bheith ar an eolas faoin tábhacht seo chomh maith leis an téacs a sholáthar. Tá sé tábhachtach go dtuigfidh an t-aistritheoir go léifear na leabhair seo os ard agus mar sin go gcaithfidh an teanga bheith ag fóirstean don mhodh léitheoireachta seo.

Léiríonn an dóigh a n-aistrítear téacs do pháistí i dtíortha éagsúla an áit atá ag litríocht do pháistí i litríocht na tíre sin. Tá saoire ag an aistritheoir an téacs a athrú, cur leis, nó baint de, de réir mar a fhéachann sé leis an téacs a dhéanamh fóirsteanach don léitheoir.

Úsáideadh litríocht do pháistí mar uirlís oideachasúil san am a chuaigh thart, ach tá níos mó béime anois ar an téacs a dhírú ar ábaltacht léitheoireachta agus tuisceana an pháiste.

### 5.2 Aistriúcháin do Pháistí. An Pictiúr Idirnáisiúnta

De réir mar atá domhandú ag dul i bhfeidhm ar gach cultúr sa domhan tá an plé ar chúrsaí aistriúcháin ag méadú. Tá dearcadh anois ann go bhfuil gach cultúr sa domhan oscailte do chách, leis an idirlíon, le taisteal níos saoire agus le leabhair atá ar fáil i bhfoirmeacha aistrithe ó gach carn den domhan.

Chomh maith leis an mhéadú suime i gcúrsaí litríochta do pháistí tá ardú suime i gcúrsaí aistriúcháin do pháistí, rud a léiríodh ag Comhdháil an *National Centre for Research in Children’s Literature 2005* a raibh an téama seo a leanas air: *No Child is an Island: The Case for Children’s Literature in Translation*.

Ba é aidhm na comhdhála ná iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh a n-athraíonn leabhair do pháistí ó theanga, chultúr agus chúla amháin go teanga, cultúr agus cúlra eile. I measc na gcainteoirí bhí Sarah Adams a bhain Gradam an *Marsh* as a cuid aistriúchán, rud a léiríonn ann féin an dearcadh go bhfuil tábhacht ar leith leis an aistritheoir. Chomh maith leis sin labhair Anthea Bell, atá ar dhuine de na daoine a d'aistrigh Asterix go Béarla agus a bhain duais dá cuid aistriúchán.

I measc na gcainteanna bhí leithéidí '*Publishing Picture Books in Translation*', '*The Translation of Harry Potter into Hungarian*' agus '*Returning Home: Creating Children's Books in Alaska's First Language*'.

Is rud casta é an t-aistriúchán a bhaineann le haistritheoirí, eagarthóirí agus foilsitheoirí. Thiocthadh le haistritheoir píosa téacs a fhágail ar lár leis an léitheoir a shásamh. Ar an dóigh chéanna, cuireann aistritheoirí rudaí breise isteach má shíleann siad go bhfuil eolas breise de dhíth ó thaobh chultúir nó thuiscint na léitheoirí sa sprioctheanga.

Sa bhliain 1988 b'aistriúcháin ón Bhéarla iad leathchuid de na leabhair a foilsíodh do pháistí sa Fhrainc agus ba í litríocht na Fraince a d'imir an tionchar is mó ar leabhair do pháistí sa Ghearmáin. Go dtí an lá atá inniu ann is bóthar aonbhealach é, maidir le haistriúcháin agus an Béarla. Is ón Bhéarla den chuid is mó a aistrítear leabhair do pháistí ar fud an domhain.

Eisceacht ón nós go n-aistrítear ón Bhéarla den chuid is mó is ea í an tsraith Asterix a scríobh René Goscinny i bhFraincis agus a dhear Albert Uderzo. Dhiúltaigh roinnt aistritheoirí na leabhair a aistriú ag rá go raibh siad ró-Fhrancach ach ba iad Hodder and Stoughton a thug an dúshlán sa deireadh. Chuir siad foireann le chéile ina raibh saineolas ar leabhair a aistriú do pháistí chomh maith le saineolas ar an Fhraincis agus ar gach rud a bhain leis an Fhrainc. Cuireadh i gcló iad i 1969 i mBéarla.

Tá leabhair Asterix lán d'imeartas focal agus mar sin b'éigean don aistriúchán bheith iontach scaoilte.

*The pictorial element is inseparable from the text. But, and paradoxically, translation of the text, if it is to be faithful to the spirit of the original, has to be very free, indeed unusually free, where the letter is concerned. The reason for this is that the French text is crammed with puns, wordplay and verbal jokes of all kinds, which will not translate straight.* (Bell, 2005)

Bhí deacracht ar leith leis na hainmneacha i leabhair 'Asterix' áit a bhfuil ciall ar leith i bhFraincis le gach ceann acu. Tugadh faoin deacracht seo go cliste le leithéidí Abraracourcix (á bras raccourcis) a aistríodh go Vitalstatistix i mBéarla mar gheall ar an chuma a bhí ar an charachtar sa phictiúr. Léirigh na haistritheoirí gur féidir imeacht ón téacs agus, trí amharc ar an phictiúr agus eolas a bheith agat ar thuiscint na léitheoirí, focail nó frásaí cliste a úsáid sa sprioctheanga. Tá an cleas céanna amhlaidh leis an imeartas focal nuair a chuirtear isteach frásaí eile ar fad a oibríonn i mBéarla.

Den chuid is mó seachnaítear leabhair a dhéanann rím don aistriúchán, ach is eisceacht é *The Gruffalo* (1999) le Julia Donaldson, maisithe ag Axel Scheffler a aistríodh go trí theanga is fiche, cé



gur dán atá ann. Bhain sé an ‘Nestlé Smarties Gold Award’ chomh maith leis an *Blue Peter* ‘Best Book to Read Aloud’. Tháinig *Room on the Broom* (2001) agus *The Snail and the Whale* (2003) ón fhoilsitheoir céanna, Macmillan, agus tá leagan Gaeilge ann den triúr acu.

Cuirtear fáilte roimh leabhair aistrithe de thairbhe go gcuireann siad le tuiscint ar chultúir eile agus mothú idirnáisiúnta. Is gléas oideachasúil iad leabhair do pháistí agus mar sin bíonn níos mó i gceist ná leabhair a aistriú ar mhaithe le sult a bhaint astu. Bíonn luachanna agus dearcadh i leabhair, bíodh siad soiléir nó doiléir ag an pháiste. Mar a dúirt Martha Baker (2000) “*translation might be like Trojan-horses-in-print, bearing between their covers considerably more than just “meaning” and “music”.*”

### 5.3 Pictiúirleabhair a Aistriú

Tá dhá fheidhm le pictiúirleabhair;

Léitear os ard iad agus éistear leis na focail. Caithfidh an teanga bheith ag fóirstean don mhodh léitheoireachta sin. Den chuid is mó roghnaíonn daoine fásta na leabhair seo le léamh os ard agus mar sin is fiú leabhair a roghnú ar éirigh go maith leo sa bhunteanga. Cé go mbeidh an téacs seo ar eolas ag páistí sa bhunteanga is féidir leis an duine fásta a léann é ar scoil nó sa bhaile é a chur roimh shúile na bpáistí sa leagan eile seo. Is fiú go mór na scéalta traidisiúnta ar nós ‘An Fear Sinséir’ (*The Gingerbread Man*), ‘Cochailín Dearg’ (*Little Red Riding Hood*) agus leabhair a thaitníonn le páistí ar nós ‘An Garbhán’ (*The Gruffalo*) a aistriú le léamh os ard do pháistí.

Amharctar ar na pictiúir i gcomhthéacs an téacs. Ba chóir go mbeadh aird ar leith ag an aistritheoir ar chuma na leathanach agus ba chóir na focail a chur i gcomhthéacs na bpictiúir. Deir Rita Oittinen, agus í ag caint ag Comhdháil a bhí ag an International Research Society for Children’s Literature, ar phictiúirleabhair a aistriú;

*Just as the translator translating from English into Finnish must be a specialist and know both languages, the translator of illustrated literature must know the language of illustrations. The more prominent the illustrations are, the more important it is for a translator to have the ability to read this language.*

Caithfidh an t-aistritheoir na teachtaireachtaí cloisteálaí agus amhairc a thuiscint leis an phictiúirleabhair a aistriú.

### 5.4 Úrscéalta a Aistriú

Caithfidh gach cuid d’úrscéal bheith tarraingteach ag páistí, ón chlúdach go dtí an blurb ar chúl. Mar a deir Anne Fine, Children’s Laureate 2001 - 2003 in introir ‘The Ultimate Book Guide’,

*The right book brings enchantment. Books fill your mind, and there’s nothing more tiresome to be around than unfurnished minds. Books make you think and make you feel. They teach you about the world, about others and even, sideways, about yourself. They show you you’re never truly alone. There’s always someone else who thinks, feels, worries or laughs the same way you do.*

Má tá páistí ag léamh go neamhspleách agus má tá rogha acu idir aistriúchán Gaeilge agus bunleabhar Béarla roghnóidh na páistí an bunleabhar i mBéarla le sult agus tairbhe a bhaint as an léitheoireacht. Agus sin an fhadhb le haistriú úrscéalta go Gaeilge: tá an Ghaeilge mar dhara

teanga ag an chuid is mó de na páistí agus tá teanga chúng an tí ag na cainteoirí dúchais a bhfuil deacrachtaí acu le canúintí agus nuathéarmaíocht sa Ghaeilge chomh maith. Mar sin de, níl sult ná tairbhe i ndán do na léitheoirí seo má tá an t-úrsceál acu i lámh amháin agus foclóir Uí Dhónaill acu sa lámh eile.

*Second language acquirers do not typically take advantage of the power of reading...Why is this so?* (Kim and Krashen, 1997:27 Luaite in Hickey, 2001:56)

*Ní leor scileanna léitheoireachta iontu fein, mura bhfuil fonn ar pháistí léamh go rialta as a stuaim féim.* (Hickey & Ó Cainín, 2003:26)

Le go mbeidh fonn ar pháistí léamh i nGaeilge caithfidh an t-ábhar leitheoireachta bheith tarraingteach, spreagúil agus caithfidh sé aird na bpáistí a choinneáil ó thús deireadh. In aimsir seo na teicneolaíochta ní jab rófhurasta é seo.

Spreag leabhair J. K. Rowling páistí le léamh ar bhealach nach raibh duine ar bith ag dúil leis agus thosaigh seo díospóireachtaí agus athsmaoineamh ar fad ar léitheoireacht don aoisghrúpa seo. Roimhe seo bhí teorainn leis an méid focal ar síleadh páistí bheith ábalta a láimhseáil ach nuair a díoladh 64,000 cóip de leabhar Rowling *The Prisoner of Azkaban* (Bloomsbury) taobh istigh de thrí lá, ina bhfuil 317 leathanach de théacs, b'éigean do dhaoine athsmaoineamh a dhéanamh ar an teoiric seo.

Spreag sin an díol a bhí ar shraitheanna leabhar eile, leithéidí *A Series of Unfortunate Events* (Harper Collins), le Lemony Snicket, sraith ina bhfuil 13 leabhar ar fad agus *Spiderwick* (Simon and Schuster) le Tony Diterlizzi agus *Holly Black* ina bhfuil 10 leabhar ar fad. Tá an-ráchairt ar leabhair Phillip Pullman, leithéidí *The Amber Spyglass* (Scolastic) a bhain duais an Whitbread (Costa). D'fhill léitheoirí óga chomh maith ar shraith C. S. Lewis a scríobh *The Chronicles of Narnia* (Collins), sraith ina bhfuil 7 leabhar ar fad.

Is léir mar sin go gcuidíonn scannáin, bréagáin agus marsantacht le díol na leabhar ach ní mar sin a bhíonn sé i gcónaí agus is léir go n-éiríonn go maith le leabhair bíodh an mharsantacht ann nó as. Is léir chomh maith go n-éiríonn go maith le sraitheanna leabhar a bhaineann leis na carachtair chéanna ach go gcuirtear leis an scéal. Cuireann an léitheoir aithne ar na carachtair agus leantar na heachtraí ó leabhar go leabhar.

Aistríodh *Harry Potter and the Philosopher's Stone* go 63 teanga, an Ghaeilge ar cheann acu agus an dearcadh ag na haistritheoirí gur mhaith leo a leithéid d'fheiniméan a chur roimh pháistí na tíre. Ar ndóigh, i gcás tíortha eile de is páistí iad nach dtuigfeadh na leabhair i mBéarla agus arbh éigean leagan aistrithe a chur ar fáil.

Tá sé suimiúil amharc ar shampla *Harry Potter* ó thaobh an aistriúcháin de nó bhí aistriú cultúir i gceist le cuid mhaith de na haistriúcháin in éineacht le haistriú focal. Tá cultúr Shasana go smior sna leabhair seo ó ainmneacha na gcarachtar agus na n-áiteanna féin go nósanna na ndaoine sna leabhair.

*The stories follow a familiar theme in English children's books, that of adventures at boarding school and many of the cultural nuances will be unfamiliar to readers in translation. Translators have several options, including de-Anglicizing the text, leaving names and concepts as they are (but*

*including explanations of particularly difficult notions, such as Christmas crackers, Halloween, and Cornflakes, the latter having earned a footnote in the Chinese translation, to indicate that these are consumed immersed in milk for breakfast), or some combination of the two. (Goldstein: 2004)*

Rinne aistritheoirí seo ar bhealaí éagsúla. Rinne Jean-François Mènard a dhícheall an leagan Francise den leabhar a choinneáil chomh Sasanach agus ab fhéidir le go mbeadh a fhios ag an léitheoir gur suite i Sasana atá sé. Ach i gcás an aistriúcháin a rinne Gilli Bar Hillel, athraíodh leithéidí English sherbert lemon go milseán seacláide éigin na hIosrael.

*German translator Klaus Fritz often found it impossible to translate Rowling's puns; the magical streetname 'Diagon Alley' became Winklegasse or 'Corner Alley', losing the play on words. So Fritz took a broader view of the books to reproduce the same flow of jokes, sometimes inventing new gags to make up for the ones lost in translation.' (Goldstein:2004).*

D'admhaigh cuid mhaith de na haistritheoirí go ndeachaigh siad i muinín a gcuid páistí leis an aistriúchán a dhéanamh foirfe,

*Because in the end, as the translators realized, it is the language of magic that children want.'(Goldstein, 2004)*

A mhalairt a tharla i gcás na Rúisise nuair a d'admhaigh Viktor Golyshev gur beag suim a bhí aige i litríocht do pháistí i ndiaidh dó an chéad leabhar sa tsraith a aistriú agus nuair nár glacadh go maith leis mar aistriúchán. B'éigean aistritheoirí eile a fhostú le leanúint leis an obair, fostaíodh foireann de thriúr sa deireadh.

D'fhág an chuid is mó de na haistritheoirí na hainmneacha mar a bhí sa leagan Béarla, ní ar rogha s'acu féin ach go raibh na cearta ceannaithe ag Warner Brothers ó 1999 ar aghaidh. Faoin am seo bhí an tríú leabhar sa tsraith foilsithe agus cuid acu aistrithe cheana féin. Ba mhian le Warner Brothers an margadh domhanda bheith acu féin agus cuireadh cosc ar aistriú na n-ainmneacha ón uair sin ar aghaidh. Tá go leor cumadóireachta déanta ag Rowling a thug dúshlán do na haistritheoirí. B'éigean an bhunchiall a choinneáil chomh maith le himeartas focal a bheith ann ar bhealach a thuigfeadh na léitheoirí.

Aistríodh Béarla Sasanach agus cultúr Sasanach na leabhar go Béarla Meiriceánach agus cultúr Meiriceánach in *Harry Potter and the Sorcerer's Stone*, áit ar athraíodh an teideal go fiú. Deir J.K. Rowling:

*I have had some criticism from other writers about allowing any changes at all, but I feel the natural extension of that argument is to go and tell French and Danish children that we will not be translating Harry Potter, so they'd better learn English. (Goldstein, 2004)*

Sa leagan Meiriceánach den leabhar mar sin litrítear 'flavour' mar 'flavor' agus úsáidtear 'trashcans' seachas 'dustbins' agus 'bag of chips' seachas 'packet of crisps'.

## Leabhair a Aistriú go Gaeilge do Pháistí

### 6.0 Intreoir

Pléitear sa chaibidil seo feiniméan an aistriúcháin in Éirinn ach go háirithe ó thaobh na bpáistí. Is aistriúcháin den chuid is mó iad na leabhair a thugtar do pháistí le léamh, go háirithe don aoisghrúpa is óige. Pléitear caighdeán agus cumas Ghaeilge na spriocléitheoirí seo i measc Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta na tíre. Amharctar ar na leabhair Ghaeilge atá ar fáil don earnáil sin agus ar na foilsitheoirí agus grúpaí éagsúla atá ag freastal ar an earnáil sin maidir le leabhair.

### 6.1 An tAistriúchán in Éirinn

Tá stair an-fhada ag an aistriúchán in Éirinn, ach, ina ainneoin sin, is rud measartha úr é an staidéar ar an aistriúchán sa tír seo. Nuair a bhaineann próiseas an aistriúcháin le mórtheanga agus le miontheanga tá impleachtaí móra ann a bhaineann le cumhacht agus tá i bhfad níos mó i gceist ná focail a athrú ó theanga amháin go teanga eile. *“Translation is not mechanical reproduction. It is transformation.”* Michael Cronin (1996).

Téann teoiric an aistriúcháin i bhfeidhm go mór ar obair an aistritheora agus más úr é an staidéar ar an aistriúchán sa tír seo is iarsmaoineamh ar fad é an staidéar ar an aistriúchán do pháistí nár tugadh ardán in Éirinn dó ar chor ar bith go dtí ar na fíormhallaibh.

Téann aistriúcháin an Ghúim siar go dtí na 1920í/1930í, nuair a bunaíodh é de chéaduaire, agus bhí scéim aistriúcháin acu sna 1930í a bhain le painéal aistritheoirí a fostaíodh le sraith clasaicí a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge. Tugadh cead a gcinn do na haistritheoirí, faoi thionchar an Athar Peadar Ua Laoghaire, ó thaobh canúintí de, agus tá réimsí saibhre againn sna leabhair sin ar chanúintí Ghaeltachtaí na tíre. Tá saibhreas teanga sna haistriúcháin seo mar gheall ar chanúintí na n-aistritheoirí ach tá deacrachtaí ag aistritheoirí an lae inniu an saibhreas sin a fháil agus iad ag cloí le caighdeán mar is nós do leabhair a fhoilsítear lenár linn.

*Translation in modern Ireland is as much a hostage to controversy as it has been in previous centuries...In the Irish context, translation is not simply a historic fatality resulting from massive language shift in the nineteenth century, but is vital in freeing the culture from obsessive concerns with continuity and purity.* (Cronin,1996).

Is minic le téacs aistrithe go mbíonn an t-aistritheoir dofheicthe agus an dearcadh ann gurb ionann aistriúchán maith agus aistriúchán atá ‘dílís’ don bhuntéacs. Is ceist mhór í seo ceist na coibhéise sa staidéar ar an aistriúchán agus téarma ann féin a chuireann cuma na siméadrachta ar theangacha nuair nach ann dó.

In áit a bheith ag cur béime ar choibhéis idir theangacha ba chóir don aistritheoir fócas a dhíriú ar shuíomh, ar am, ar áit agus ar chultúr. Tá cur in oiriúint i gceist le gach aistriúchán. Tá gníomh an aistriúcháin ann le téacs a athrú lena thabhairt níos cóngaraí don léitheoir, rud a chiallaíonn go mbeidh athruithe ann, seachas na focail féin, leis an bhunsmaoineamh a thabhairt slán i dteanga eile.

### 6.2 Cé hIad na Spriocléitheoirí?

I dTuaisceart na hÉireann sna Gaelscoileanna foghlaimítear léitheoireacht na Gaeilge roimh

léitheoireacht an Bhéarla ach ina ainneoin sin chomh luath is atá tús curtha le léitheoireacht an Bhéarla is i mBéarla den chuid is mó a léann páistí go neamhspleách. Is é an Béarla an chéad teanga ag formhór na bpáistí seo agus tá sé nádúrtha acu an Béarla a roghnú mar theanga litríochta.

I gCúige Chonnachta, de réir taighde atá déanta ag Máire Ní Bhaoill agus Pádraic Ó Duibhir, tosaíonn 70% de scoileanna lán-Ghaeilge (taobh amuigh den Ghaeltacht) ar léitheoireacht an Bhéarla roimh léitheoireacht na Gaeilge.

Chomh maith leis sin, i measc na ngrúpaí seo i dTuaisceart Éireann agus i gCúige Chonnachta, tá páistí ann agus tá Gaeilge á labhairt sa bhaile acu, tá páistí ann agus tá Gaeilge ag duine dá dtuismitheoirí, agus tá páistí ann a bhfuil Gaeilge acu sa bhaile ach nach bhfuil ag freastal ar scoil lán-Ghaeilge.

Léiríonn sé seo an réimse leathan ábaltachtaí atá ann sa tír agus an deacracht a bhaineann le haois-léitheoireachta a aimsiú nó le hábaltacht léitheoireachta na bpáistí a mheas.

Ar a bharr sin tá ceist na canúna ann. Bíonn leisc ar pháistí leabhair a léamh nach bhfuil scríofa mar a labhraíonn siad féin, go háirithe na páistí sin nach bhfuil de thaithí acu ar an Ghaeilge ach an múinteoir ranga agus nach bhfuil cleachta le réimsí eile foclóra nó canúna.

Tá roinnt fadhbanna mar sin ag an aistritheoir nach dtuigeann an cúlra teanga seo atá ag an lucht léitheoireachta. Is minic leabhair Ghaeilge gan leibhéal suime an leabhair agus deacracht na teanga ag teacht le chéile agus is minic, fosta, stíl, cló agus pictiúir an leabhair bheith róleanbaí ach teanga an leabhair bheith ar léibhéal deacrachta atá ró-ard do na léitheoirí.

Is léir gur chóir d'aistritheoirí bheith ar an eolas faoin teanga a úsáideann páistí scoile, an réimse foclóra atá acu agus an réimse suime atá acu san ábhar féin.

Tá fadhb, ag an phointe seo, leis an aistritheoir nach dtuigeann a spriocléitheoir sa mhéid is nach ionann téacs simplí i mBéarla agus téacs aistrithe go Gaeilge don aoisghrúpa chéanna. Roghnaítear foclóir sa bhunleabhar atá furasta a dhíchódú, atá i réimse teanga an léitheora agus atá furasta a léamh. Nuair a aistrítear go Gaeilge é go minic bíonn castacht gramadaí ann, focail atá doiligh a dhíchódú i nGaeilge agus focail nach bhfuil ar chumas teanga na léitheoirí.

*Is léir gur gá leabhair a fhorbairt bunaithe ar thaighde ar an teanga a úsáideann foghlaimeoirí óga, mar a tharla sa Bhreatain Bheag (Ogwen 1980). B'fhiú go mór sraitheanna leabhar a ullmhú a bheadh ar aon leibhéal ó thaobh deacrachta de, in ionad leabhair aonair a fhoilsiú, ionas go mbeidh páistí in ann cleachtadh a fháil agus go mbraithidís go raibh dul chun cinn déanta acu nuair a rachadh siad ar aghaidh chuig an chéad leabhar eile sa tsraith. (Hickey, 2003:33)*

Ag an chomhdháil *National Centre for Research in Children's Literature*, 2005, a bhí ag díriú ar *The Case for Children's Literature in Translation* tá sé suimiúil go bhfuil caint luaite ag Allan Tiryayi dar teideal, *'How translated stories create problems for African children learning to read'*. Is léir, mar sin, gur ceist í ceist an aistriúcháin a bhfuil impleachtaí domhanda aici agus is rud é atá amhlaidh in Éirinn i gcás na Gaelscolaíochta agus na fadhbanna a bhíonn ag páistí leis an léitheoireacht agus leis an litriú.

Is fadhb í seo a bhaineann le gach aistriúchán sa mhéid is go bhfuil an t-aistritheoir ceangailte leis an phictiúr nó le spás an téacs. Tá sé tábhachtach mar sin le rím nó le deilín atá ag carachtar iarracht a dhéanamh an chlisteacht chéanna a thabhairt slán san aistriúchán.

San aistriúchán a rinne Máire Ní Ící ar *Farmer Duck* d'aistrigh sí 'How goes the work?' atá mar dheilín ag an lacha sa scéal go 'Conas tá an obair ag dul ar aghaidh?' Cé go bhfuil cuma an-fhada air mar aistriúchán is frása é a oibríonn go maith mar gheall ar an athrá tríd an scéal agus gur frása é ar féidir é a úsáid i seomra ranga go minic. (Cé gur dúradh 'Cad é mar tá an obair ag dul ar aghaidh' i gCúige Uladh agus athraíodh ó bhéal é mar is nós le canúintí éagsúla). Is fíorbheagán deilín atá ann i leabhair don aoisghrúpa seo.

### 6.3 Cur Chuige an Aistriúcháin agus Leabhair a Chur in Oiriúint

Tá sé suimiúil amharc ar an dóigh a n-aistrítear téacsanna go Gaeilge, buntéacs Béarla agus leagan Gaeilge a chur taobh le taobh agus iniúchadh a dhéanamh ar an teanga, go háirithe i gcomhthéacs an pháiste. Ó tharla gur ó Bhéarla den chuid is mó a aistrítear leabhair, is fiú compáraid a dhéanamh ar an teanga a úsáidtear go minic i leabhair don túsléitheoir, go háirithe iad siúd atá dírithe ar theagasc na léitheoireachta agus ar thús na léitheoireachta neamhspleáiche, is é sin, úrscéalta simplí.

Tá sé tábhachtach a aithint chomh maith go bhfuil níos mó ná bealach amháin ann le leabhair a chur ar fáil i dteanga eile agus gur mór an difear a bhíonn ann ó aistritheoir go haistritheoir. Tá leabhar Béarla ann dar teideal *Look and See* a aistríodh go Gaeilge mar *Amharc go bhFeicfidh tú*.

Tá difear an-mhór ansin do pháiste atá ag foghlaim na léitheoireachta ó fhocail ardmhnicíochta i mBéarla atá furasta a dhíchódú go castacht gramadaí agus siollaí na Gaeilge. Gach seans go n-aistreadh aistritheoir eile é mar *Amharc!* nó *Cad é atá ann?* nó *Céard é?*

Tá aistritheoirí ann a shíleann gur furasta ar fad leabhair a aistriú do pháistí. Tá pictiúir ann, rud a chiallaíonn go bhfuil níos lú téacs ann le haistriú, bíonn an cló breá mór agus níl an oiread céanna téacs ann ó thús go deireadh agus de ghnáth bíonn an teanga simplí.

Tá sé measartha scanrúil ag oideachasóir nó ag tuismitheoir a leithéid de dhearcadh a chluinstin. Tá castacht a bhaineann le leabhair do pháistí ba chóir d'aistritheoir ar bith a thuiscint. Ag amharc ar leabhair Bhéarla tá an abairt *Written in conjunction with Education Advisors* le feiceáil go minic le déanaí. Aithnítear an tábhacht a bhaineann le tuiscint leathan ar an spriocléitheoir a léiriú.

Tá a leithéid d'ionchur níos práinní againn féin maidir leis an Ghaeilge agus castacht na spriocléitheoirí atá luaite roimhe seo san áireamh. Caithfear aird a dhíriú ar dhearcadh an aistriúcháin agus go bhfuil níos mó i gceist ná focail a athrú ó theanga amháin go teanga eile.

I gcás leabhair do pháistí tá teanga na bhfocal, athrá, rithim na bhfocal, ceol na bhfocal, rím, teanga na bpictiúr, teanga an chló, cuma agus mothú an leabhair agus atmaisféar an leabhair le sonrú roimh thosú ar an aistriúchán.

Amharc ar líne théacs ó leabhar pháistí.

*Hello, my name is Anne.*

Ní féidir an téacs a aistriú gan an leabhar a léamh ina iomláine roimh ré, mothú a fháil den


leabhar agus an tón agus an t-atmaisféar a bhaineann leis an leabhar a thuiscint. An bhfuil pictiúr leis? Cad é a léiríonn an pictiúr? An duine clúiteach í an Anne seo?

Más í Anne Frank atá ann ar chóir an t-ainm a fhágáil nó a athrú go hÁine? Ansin tá ceist chultúrtha ann. Más í Anne Frank atá ann an féidir *Hello* a athrú go *Dia duit* agus tú ag dúil le *Dia is Muire duit* mar fhreagra. An mbaineann na beannachtaí seo le Críostaithe amháin nó an bhfuil beannachtaí na Gaeilge inghlactha mar chuid lárnach den teanga agus nach mbaineann siad le creideamh? An beannacht é seo a bheadh in úsáid ag páiste agus í á cur féin in aithne?

Má tá an chuma air go bhfuil sí ag beannú duit sa phictiúr b'fhéidir gur fearr an *Hello* a fhágáil ar lár ar fad. An bhfuil *Is mise Anne* níos cairdiúla ná *Anne an t-ainm atá orm?* Ar mhaith leat í a bheith cairdiúil nó an bhfuil cuma fhoirmiúil uirthi sa phictiúr? Arís tá ceist canúna ann leis an abairt sin agus *Anne is ainm dom* agus frásaí eile atá á rá ar fud na tíre.

Ar ndóigh, is féidir imeacht ón Bhéarla ar fad agus abairt eile ar fad a chur isteach a bheadh níos nádúrtha i nGaeilge agus níos fóirsteanaí don léitheoir. Tá ábhar machnaimh ansin don aistritheoir agus níl ann ach an chéad líne.

Ní gá éirí as an aistriúchán le téacsanna maithe a chur ar fáil. Tá Gaeilge nádúrtha de dhíth ag an leibhéal cuí agus is féidir sin a bhaint amach ach tuiscint a léiriú don spriocléitheoir. Aithníodh an ganntanas tuisceana seo sna freagraí a tugadh sa cheistneoir agus tá sé suimiúil nach bhfuil múinteoirí i bhfách le héirí as an aistriúchán go hiomlán.



## 6.4 Foilsitheoirí

San am a chuaigh thart ní raibh mórán airde ag foilsitheoirí Gaeilge sa tír ar leabhair a chur ar fáil do pháistí. Is an-íseal ar fad a bhí líon na leabhar a foilsíodh do pháistí san am sin, agus cé go bhfuil níos mó foilseoireachta ann anois don aois óg is é an Gúm is mó a fhoilsíonn do pháistí.

Is é An Gúm an foilsitheoir is mó sa tír maidir le leabhair Ghaeilge. Tá 13 fostaithe go lánaimseartha in oifigí an Ghúim chomh maith le daoine seachtracha a scríobhann nó a aistríonn leabhair ó am go chéile.

Bunaíodh i 1926 é agus bhí sé faoi chúram Roinn an Oideachais go dtí Mí na Nollag 1999 nuair a cuireadh faoi chúram Fhorás na Gaeilge é. Foilsíodh thart ar 2,500 leabhar agus 350 píosa ceoil ó bunaíodh é.

Baineann obair **An Ghúim** sa lá atá inniu ann go prómha le foclóirí, agus áiseanna scoile

agus leabhair do pháistí agus do dhaoine óga. I gcás gnáthleabhar ginearálta do dhaoine óga cuireann An Gúm 1,500 – 2,000 cóip i gcló. Agus díol maith ar an leabhar bheadh athchló le cur air taobh istigh de thrí bliana, is é sin 500 – 700 díolta sa bhliain.

Cé gur minic nach ndíolfaí an oiread sin. Is 300 ar an mheán an díolachán a bhíonn ar an chuid is mó de na leabhair Ghaeilge a fhoilsítear. Is é polasaí An Ghúim ó thaobh leabhair a roghnú le haistriú ná iad a mheas iad féin chomh maith lena gcur amach chuig comhairleoirí.

Tá bealach eile acu leis na leabhair a roghnú, agus is é sin, comheagrán de leabhair a fhoilsítear i dteangacha eile a roghnú ag Aonach na Leabhar do Dhaoine Óga in Bologna nó trí theagmhálacha le foilsitheoirí thar lear. Aistríodh *The Gruffalo* le Julia Donaldson agus Axel Scheffler go trí theanga is fiche tríd an phróiseas chéanna.

Is aistriúcháin den chuid is mó iad na leabhair a fhoilsítear ag An Ghúm cé go bhfuil athrú ag teacht ar an scéal le blianta beaga anuas. Is aistriúcháin ón Bhéarla an chuid is mó de na leabhair chomh maith cé go bhfuil aistriúcháin acu le cúpla bliain anuas ón Ghearmáinis, ón Chatalóinis, ón Bhreatnais agus ón Fhraincis.

Bunaíodh **Cló Iar-Chonnachta** sa bhliain 1985 agus tá trí chéad leabhar foilsithe acu ó shin, tá céatadán acu sin dírithe ar pháistí agus ar dhaoine óga. Is bunleabhair an chuid is mó de na leabhair atá acu do pháistí.

Tá leabhair Ghaeilge foilsithe ag **Folens Ireland** ó bunaíodh sa bhliain 1995 é. Is leabhair iad atá in úsáid sna seomraí ranga mar leabhair léitheoireachta agus mar leabhair oibre agus ní aistriúcháin iad.

Bunaíodh **Cló Mhaigh Eo** sa bhliain 1995 ag Colmán Ó Raghailigh agus is bunleabhair iad a gcuid foilseachán. Dúirt Ó Raghailigh agus é ag caint ag Siompóisiam go bhfuil forbairt iontach tagtha ar líon agus ar chaighdeán na leabhar i nGaeilge. Ach in ainneoin na n-iarrachtaí is fearr ní léir aon mhéadú mór a bheith ag teacht ar líon na léitheoirí.

Bunaíodh **Cois Life** sa bhliain 1995 le leabhair a fhoilsíú d'fhoghlaimoirí, do dhaoine óga, leabhair ina bhfuil drámaí, ficsean agus filíocht. Is do dhéagóirí is mó a fhoilsíonn Cois Life. D'fhoilsigh Cois Life an t-aistriúchán *Poll agus a Mhac*, aistriúchán a rinne Treasa Ní Bhrua agus Magnus Vestvoll ón Ioruais ar éirigh go han-mhaith leis le páistí, déagóirí agus daoine fásta mar gheall ar an saothar ealaíne agus ar an ghreann.

Bunaíodh **An tÁisaonad** sa bhliain 1998 agus tá thart ar chéad leabhar foilsithe go dtí seo. Is aistriúcháin iad an chuid is mó de na leabhair a fhoilsítear san Áisaonad. Tá foireann de chúigear fostaithe san Áisaonad faoi láthair agus daoine seachtracha a aistríonn leabhair ó am go chéile. Tá dlúthcheangail ag an Áisaonad le múinteoirí scoile agus tá Coiste Comhairliúcháin ann a roghnaíonn na leabhair. Tugtar múinteoirí isteach le caighdeán teanga na leabhar a mheas de réir na spriocléitheoirí cé go mbíonn deacrachtaí ann leis na téacsleabhair a aistrítear nó is deacra an teanga a athrú leis an chineál seo téacs.

## 6.5 Cúrsaí Dáiliúcháin agus Eolais

Is é Áis nó Áisinteacht Dáiliúcháin Leabhar atá freagrach as dáiliúchán na leabhar Gaeilge ar fud



na tíre. Is é comhlacht dáiliúcháin oifigiúil an rialtais é agus cuirtear cóipeanna de gach leabhar a fhoilsítear sa tír chucu. De réir mar atáthar ag cur le líon na leabhar níl an rialtas ag cur le líon na n-oibrithe atá ag Áis. Tá an fhoireann róbheag agus tá na freagrachtaí agus na dualgais ag éirí rómhór.

In aois seo na teicneolaíochta ba chóir go mbeadh cúrsaí dáiliúcháin agus scaipeadh eolais níos fusa agus daoine ag ordú agus ag ceannach leabhar ar líne. D'fhóirfeadh an córas seo go maith maidir le díol leabhar Gaeilge ó tharla nach mbíonn siopa leabhar i ngach baile a dhíolann leabhair Ghaeilge. Nuair a chuimhnímid go bhfuil an siopa leabhar cáiliúil Kenny's druidte le déanaí le luí isteach ar chúrsaí ar líne, is comhartha é do dhíoltóirí eile leabhar ach go háirithe do dhíoltóirí leabhar Gaeilge atá ag síorstreachailt le heolas agus leabhair a scaipeadh.

Tá roinnt suíomh idirlín ann atá iontach úsáideach ar an dóigh seo maidir le leabhair Ghaeilge, ceann acu sin **cogg.ie**, suíomh atá ag An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Is suíomh é inar féidir cuardach a dhéanamh ar leabhar ar bith a foilsíodh go dtí seo do pháistí scoilaoise.

Tá litríocht.ie an-úsáideach fosta ó thaobh gach leabhar a foilsíodh go dtí seo. Is féidir na leabhair a ordú agus a cheannach ar an suíomh seo. Tá go fiú liostaí móréilimh acu agus tugtar na deich leabhar is mó díol i ngach rannóg. Tá liostaí ar fáil acu faoin teideal 'Gach leabhar Gaeilge i gcló', cé go bhfuil uasdátú le déanamh air. San am céanna is tús iontach maith é den chineál seo gnó agus is féidir é a úsáid mar thúsphointe le heolas a fháil ar leabhair Ghaeilge.

## Conclúid

Léirítear sa taighde seo an turas a dhéantar nuair a roghnaítear leabhar do pháistí, ó thaobh cuma, stíle, leibhéal teanga agus chumas an pháiste. Cuireadh an Ghaeilge i gcomhthéacs pháistí na tíre agus rinneadh tagairt do Ghaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta agus caighdeán Gaeilge na bpáistí san earnáil seo.

Tá anailís déanta ar na leabhair atá againn i nGaeilge do pháistí agus amharcadh go háirithe ar na leabhair ar aistriúcháin iad. Is aistriúcháin iad an chuid is mó de na leabhair atá againn do pháistí i nGaeilge agus pléadh an bharúil atá ag lucht léite na leabhar sin ar aistriúcháin agus ar na bunleabhair.

Cuireadh ceistneoir amach chuig grúpaí éagsúla ar fud na tíre, múinteoirí san áireamh, lena mbarúlacha a fháil ar na leabhair atá againn do pháistí. Tá dearcadh láidir ag scríbhneoirí *Séideán Sí* nár chóir aistriúcháin a thabhairt do pháistí nó go gcothaíonn siad fadhbanna don luathléitheoir. Deir COGG go gcothaíonn téacsleabhair aistrithe, go háirithe, fadhbanna do mhúinteoirí agus do pháistí agus luann múinteoirí go bhfuil caighdeán na Gaeilge ró-ard sna leabhair atá againn faoi láthair.

Tá droch-chlú ar aistriúcháin do pháistí sa tír agus is fadhb í a bhaineann leis na haistritheoirí féin ach san am céanna níl múinteoirí na tíre seo ag moladh gur chóir dúinn éirí as an aistriúchán ar fad ach eolas a léiriú sna haistriúcháin ar na spriocléitheoirí agus téacsanna a aistriú ar dhóigh níos tuisceanaí agus níos cliste.

Tá barraíocht leabhar againn a aistríodh gan tuiscint dá laghad ag an aistritheoir ar na spriocléitheoirí. Bhíodh barraíocht airde ar ghramadach, ar stíl agus ar fhanacht 'dílís' don bhuntéacs gur cailleadh na páistí sa phróiseas ar fad. Tá 'aistritheoirí' ag cur leabhar ficsin agus neamhficsin, téacsleabhar agus scrúduithe ar fáil do pháistí gan tuiscint acu ar phróiseas foghlama an pháiste agus tá fadhbanna móra ag páistí leis an léitheoireacht dá bharr.

Rinneadh iniúchadh sa taighde seo ar an eolas atá de dhíth le dul i mbun aistriúcháin do pháistí. Amharcadh ar chleachtas an aistriúcháin go hidirnáisiúnta agus léiríodh na bealaí éagsúla a láimhseálar leabhair do pháistí i dteangacha eile. Léiríodh gur féidir leabhair a aistriú ar leibhéal éagsúla, go fiú gan na focail féin a aistriú.

Maidir leis an aistriúchán do pháistí nárbh fhearr leabhair Bhéarla a úsáid go héifeachtach agus go ciallmhar maidir leis an aistriúchán in áit iarracht a dhéanamh dul i gcomórtas leo ach muid cuimhneamh gur féidir leabhair a aistriú ar chuid mhór leibhéal agus nach focail amháin atá i gceist?

Is iad páistí na tíre seo an céatadán is mó cainteoirí Gaeilge sa tír agus tá sé scanrúil a laghad eolais atá ann ar scileanna foghlama agus léitheoireachta a bhaineann le grúpaí éagsúla. Tá sé scanrúil oiread leabhar a fhoilsítear gan aird nó eolas ar pháistí a leiriú ó thús go deireadh an phróisis agus tá sé thar am againn níos mó airde a dhíriú ar na gnéithe seo.

# Leabharliosta

**Acmhain.ie** [www.acmhainn.ie](http://www.acmhainn.ie) Ó Cróinín, D. agus Mac Lochlainn, A.

**Bell, A.** Asterix: What's in a Name. (2005) British Arts Council, ag [www.literarytranslation.com/workshops/asterix](http://www.literarytranslation.com/workshops/asterix) oscailte Nollaig 2005.

**Baker, M.** (2000) 'The Looking Glass. Meaning and Music – or More? On translating children's books.' The Toronto Centre for the Study of Children's Literature. Vol.4 No.1, [www.the-looking-glass.net/rabbit](http://www.the-looking-glass.net/rabbit) oscailte Nollaig 2005.

**Baker, C.** (2001) *Foundations of Bilingualism and Bilingual Education*. Clevedon: Multilingual Matters.

**Baker, C.** (1985) *Aspects of Bilingualism in Wales*. Multilingual Matters 19.

**Bruner, J. S.** (1960) *Jerome Bruner and the Process of Education*. Cambridge, Mass. Harvard University Press.

**CCEA.** (2005) *The Revised Northern Ireland Primary Curriculum and Irish-Medium Adaptations, Draft*, (Le cur i bhfeidhm sna scoileanna Meán Fómhair 2007).

**CCEA.** (2002) *Language and Literacy Development, Oral Language. Enriched Curriculum; The Beginning*. Belfast: CCEA.

**CCEA.** (1998) *School Improvement: Focus on Boys. Guidance on improving the attainment of boys particularly in literacy*. Belfast: CCEA.

**Chacko, S.** (2005) *Twice Told Tales*. Parabass Reviews ag [www.parabass.com/translation](http://www.parabass.com/translation) oscailte Nollaig 2005.

**An Chomhairle Um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. C.O.G.G.** [www.cogg.ie/gaeilge](http://www.cogg.ie/gaeilge) Oscailte Eanáir 2006.

**Clark, M.** (1976) *Young Fluent Readers: What can they teach us?* Heinemann: London.

**Cronin, M.** (1996) *Translating Ireland*. Cork University Press.

**Cronin, M.** (2005) *An Ghaeilge san Aois Nua*. Cois Life Teoranta.

**Cummins, J. agus Swain, M.** (1986) *Bilingualism in Education*. Essex: Longman.

**Denvir, M.** (2003) Cúrsaí Léitheoireachta agus Déagóirí na Gaeltachta. In R. Ní Mhianáin (eag.) *Idir Luibíní, Aistí ar an Litríocht agus ar an Litearthacht*, 97-109. Cois Life, Baile Átha Cliath.

**Doyle, A. agus Gussmann, E.** (1996) *A Reverse Dictionary of Modern Irish Folium*.

**Gray, C.** et al. (2006) *The Impact of the Linguistic Phonics Approach on Children's Reading, Writing and Spelling*, Stranmillis University College.

**Gaelscoileanna.** [www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie) Oscailte Eanáir 2006.

**Goldstein, S.** (2004) *Translating Harry Translorial, Journal of Northern Californian Translators Assosiation* Bytelevel Research, [bytelevel.com/global/translating\\_harry\\_potter.html](http://bytelevel.com/global/translating_harry_potter.html)

**Hahn, D. and Flynn, L.** (2004) *The Ultimate Book Guide*. A & C Black Publishers.

**Hepplewhite, D.** (2005) *Synthetic Phonics – the Politics and the Teaching Principles* Times Education Supplement, [www.tes.co.uk](http://www.tes.co.uk)

**Hickey, T.** (2001) *Múineadh Léitheoireacht na Gaeilge agus an Curaclam Athbhreithnithe*. Teangeolas, Iris Institiúid Teangeolaíochta Éireann, Uimh. 40.

**Hickey, T. & Ó Cainín, P.** (2003) Léitheoirí Óga na Gaeilge: Cothú agus Cabhair. In R. Ní Mhianáin (eag.) *Idir Luibíní, Aistí ar an Litríocht agus ar an Litearthacht*, 23-44. Cois Life, Baile Átha Cliath.

**Hickey, T.** (2003) Cad é a mheallann Gaeilge ó pháistí sa luath-thumoideachas? *Taighde agus Teagasc 2*. Béal Feirste: Coláiste Ollscoile Naomh Muire.

**Hunt, P.** (2005) *Understanding Children's Literature*. Routledge.

**Litríocht.com.** Gach Leabhar Gaeilge i gCló. [www.litricht.com/shop/products](http://www.litricht.com/shop/products) Oscailte Eanáir 2006.

**Mac Avoy, H.** et al (2005) *Linguistic Phonics Investigating Words* Belfast Education and Library Board.

**Mac Corraídh, S.** (2002) *An Teist Aistrithe in Earnáil na Gaelscolaíochta*. Taighde agus Teagasc 2. Béal Feirste: Coláiste Ollscoile Naomh Muire.

**Mac Lochlainn, A.** (2000) *Cuir Gaeilge Air*. Cois Life Teoranta.

**National Reading Panel** (2000) *National Reading Panel Reports Combination of Teaching Phonics, Word Sounds, Giving Feedback on Oral Reading Most Effective Way to Teach Reading*, [www.nationalreadingpanel.org](http://www.nationalreadingpanel.org)

**Ní Bhaill, M. agus Ó Duibhir, P.** (2004) *Tús na Léitheoireachta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Uimhir 1.

**Nicolson, M. and Mac Iver, M.** (2003) *Policy and Practice in Education 10. Gaelic Medium Education*. Dunedin Press Edinburgh.

**Ní Mhianáin, R.** (2003) *Idir Luibíní, Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht*. Cois Life, Baile Átha Cliath.

**Nig Uidhir, G. agus McPolin, P.** (2006) *Iompraíochtaí Luathlitearthachta i Scoileanna Lán-Ghaeilge: Tuairisc Taighde*. Gaeleagras um Shainriachtanais Oideachais.

**Oittinen, R.** (2000) *Translating for Children*. Garland, Inc., New York.

**Oittinen, R.** (2001) *Changing Perspectives: The verbal and the visual in translating for children* [www.childlit.org.za](http://www.childlit.org.za)

**Ó Laignleis, R.** (1992) *Extraordinary Exigencies: Current Irish Language Literature for the Young Reader. The Lion and the Unicorn – Vol. 21*.

**Ó Murchú, S.** (2003) *An Léitheoireacht i Measc Déagóirí*. In R. Ní Mhianáin (eag.) *Idir Luibíní, Aistí ar an Litríocht agus ar an Litearthacht*, 83-96. Cois Life, Baile Átha Cliath.

**Ó Raghallaigh, C.** (2003) *Léitheoireacht na Gaeilge a Neartú: Dúshlán na bhFoilsitheoirí*. In R. Ní Mhianáin (eag.) *Idir Luibíní, Aistí ar an Litríocht agus ar an Litearthacht*, 71-96. Cois Life, Baile Átha Cliath.

**Ó Ruairc, M.** (1997) *Aistriugh go Gaeilge*. Cois Life Teoranta.

**Øster, A.** (2001) *Innovator or Traditionalist, Hans Christian Anderson Translated and Localised. The Centre for Children's Literature at Danish University of Education* [www.cfb.dk](http://www.cfb.dk)

**Rose, J.** (2005) *Interim Report on Synthetic Phonics*. The Standards Site, Department for Education and Skills [www.standards.dfes.gov.uk](http://www.standards.dfes.gov.uk)

**Shavit, Z.** (1986) *Poetics of Children's Literature*. The University of Georgia Press, Athens and London.

**Turner, B.** (2004) *The Writers Handbook Guide to Writing for Children*. Macmillan.

[www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltacha & Gaelscolaíochta

